Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2026
(OR. en)

8265/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0222 (COD)**

**EDUC 115**
**JEUN 54**
**SPORT 21**
**SOC 198**
**COMPET 439**
**DIGIT 104**
**ENV 364**
**IA 84**
**CODEC 691**
**CADREFIN 193**
**FIN 607**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028 go 2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888<br>- *Cur chuige ginearálta páirteach* |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028–2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888. Is é is aidhm don Rialachán atá beartaithe comharba chlár Erasmus+ 2021-2027 a bhunú, agus dhá chlár de chuid an Aontais á gcumasc ag an am céanna: Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

2. Is é cuspóir ginearálta an chláir nua, mar a shainaithin an Coimisiún é, rannchuidiú le hEoraip athléimneach, iomaíoch agus chomhtháite trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a chur chun cinn, scileanna agus inniúlachtaí don saol agus do phoist do chách a fheabhsú, agus luachanna an Aontais, rannpháirtíocht dhaonlathach agus shochaíoch, dlúthpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna a chothú san Aontas agus níos faide i gcéin. Fógraítear an clár nua mar phríomhionstraim chun Aontas na Scileanna a fhorbairt, chun an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt agus chun tacú le cur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear a chláir oibre earnála bhunúsacha.

## II. AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE

3. Cheap Parlaimint na hEorpa Bogdan Andrzej ZDROJEWSKI (EPP, PL) mar rapóirtéir don chomhad. Tá an togra fós ag feitheamh ar chinneadh ón gcoiste.

4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim[1] uaidh an 22 Eanáir 2026. Tá an tuairim ó Choiste na Réigiún ar feitheamh ag an gcéim seo.

## III. AN OBAIR I DTIONÓL NA COMHAIRLE AGUS A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

5. Rinneadh dianobair ar an togra le linn dhá uachtaránacht. Faoi Uachtaránacht na Danmhairge, phléigh an Coiste Oideachais an togra 6 huaire (an 17 Iúil, 8 Meán Fómhair, 17- 18 Meán Fómhair, 8-9 Deireadh Fómhair, 20 Deireadh Fómhair agus 29 Deireadh Fómhair 2025). Cuireadh dhá théacs comhréitigh i dtoll a chéile agus cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid na Comhairle an 27 Samhain 2025.

6. Thug Uachtaránacht na Cipire obair Uachtaránacht na Danmhairge chun cinn. Leanadh den phlé ar an gcomhad sa Choiste Oideachais an 12 agus an 23 Eanáir, an 5-6 agus an 19-20 Feabhra, an 2, an 12-13 agus an 23-24 Márta, an 1 agus an 15 Aibreán, ar bhonn sé théacs comhréitigh bhreise. Chun caibidlíocht maidir le gnéithe criticiúla den dréacht-Rialachán a éascú, chuir an Uachtaránacht ceithre pháipéar saincheiste síos (ceann amháin maidir le hoidhreacht an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, dhá cheann maidir le rialachas agus an ceathrú ceann maidir le scoláireachtaí).

[1] SOC/842.

7. An 29 Aibreán 2026, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh mar a leagtar amach in 8264/26 é. Mar thoradh ar iarraidh a rinne chúig thoscaireacht, chinn an Uachtaránacht sainmhíniú ar na Comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha a chur isteach in Airteagal 2 (sainmhíniú 20 sa nóta atá i gceangal leis seo). Thacaigh na toscaireachtaí uile leis an téacs arna leasú amhlaidh, cé is moite de thoscaireacht amháin a bhfuil forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta aici.

## IV. PRÍOMHGHNÉITHE AN CHOMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

8. Measann an Uachtaránacht go mbaineann an téacs comhréitigh a leagtar amach san Iarscríbhinn[2] cothromaíocht mhaith amach idir na seasaimh a chuir na Ballstáit in iúl maidir le clár Erasmus+ a bheidh ann amach anseo, ag freagairt ar a n-ábhair imní agus a dtuairimí á gcur san áireamh go cúramach.

9. Ós rud é gur cuid den phacáiste tograí a bhaineann leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) é an Rialachán atá beartaithe, cuireadh idir lúibíní na forálacha uile sa téacs a bhfuil impleachtaí buiséadacha acu nó a chomhfhreagraíonn do na gnéithe atá mar chuid den chaibidlíocht chothrománach maidir le CAI agus, dá bhrí sin, eisiatar iad ón gcur chuige ginearálta páirteach go dtí go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le CAI. Baineann na forálacha sin, atá idir lúibíní cearnacha sa téacs, le haithrisí 36 agus 44, fad an chláir dá dtagraítear in Airteagal 1 (*Ábhar*), Airteagal 9 (*Buiséad*) agus Airteagal 16.3 (*Faisnéis, cumarsáid agus scaipeadh*). Pléadh an deis leithdháiltí táscacha a dhéanamh de réir earnála den Chlár sa Mheitheal Ad Hoc um an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (AHWP CAI) an 24 Márta 2026.

---

[2] Sa téacs comhréitigh a leagtar amach san Iarscríbhinn, cuirtear líne faoi leasuithe ar an togra ón gCoimisiún (11748/25 — COM(2025) 549 final) agus marcáiltear an téacs a scriosadh le […]. Is le líne dhúbailte a mharcáiltear leasuithe ar fhoranna gnímh agus a dteidil mar a léirítear sa togra ón gCoimisiún iad.

10. Is iad seo a leanas na **príomh-shaincheisteanna** a chumhdaítear leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht:

a) **Rialachas**

Mar thoradh ar athbhunú choiste an chláir (Airteagal 22a), leanadh de réir a chéile den phróiseas chun ról na mBallstát i rialachas an Chláir a bheidh ann amach anseo a neartú, mar fhreagairt ar iarraidh fhormhór na dtoscaireachtaí an *status quo* a athrú agus an próiseas trína bhfaigheann gníomhaíochtaí nua maoiniú a bharrfheabhsú. Mar thoradh ar dhianphlé, forbraíodh samhail rialachais lánfheidhme, a dhíríonn ar chláir oibre agus ar ghrinnscrúdú treisithe na mBallstát (Airteagal 15 — *Clár oibre*). Faoin tsamhail sin, déantar foráil maidir le dhá chineál clár oibre ar leith:

i) 'clár oibre gníomhaíochta nua' chun gníomhaíochtaí nua a chur san áireamh ar dtús faoi bhainistíocht dhíreach; tá gach gníomhaíocht den sórt sin le moladh ag an gCoimisiún ar bhonn critéir réamhshainithe (mír 2, pointí (a), (b), (c) agus (d));

ii) an 'gnáthchlár oibre', trína bhféadfaidh gníomhaíochtaí leanúint de mhaoiniú a fháil tar éis a gcur chun feidhme tosaigh faoi réir measúnú ón gCoimisiún, ina ndéantar anailís, i measc nithe eile, ar a mhéid a chomhlíonann na gníomhaíochtaí sin cuspóirí an Chláir agus na critéir a shonraítear faoi mhír 2.

Sainmhínítear coincheap na gníomhaíochta nua in Airteagal 2 (sainmhíniú 15a). Foráiltear do chlásal 'gan tuairim' freisin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Comhlánaíonn aithrisí 46a, 46b agus 46c an tacar forálacha rialachais, arb é is aidhm dóibh grinnscrúdú, intuarthacht agus trédhearcacht threisithe na mBallstát a áirithiú, agus solúbthacht á caomhnú ag an am céanna.

b) **Oidhreacht ESC**

Chuir na toscaireachtaí seasaimh láidre in iúl maidir leis an ngá atá le hoidhreacht thionscnaimh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a áirithiú in Erasmus+ tar éis 2027. D'éascaigh páipéar eisiúna ón Uachtaránacht an plé trí shoiléirithe a thabhairt maidir leis an gcaoi a gcomhtháthaítear gnéithe de chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh sa dréacht-Rialachán atá ann faoi láthair. Cuireadh leasuithe ábhartha san áireamh i mír 1, pointí (b) agus (c), d'Airteagal 4a (*an Óige*) chun forálacha maidir le gníomhaíochtaí atá á gcur chun feidhme faoi láthair faoi chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chur san áireamh. Déantar tagairt i bpointe (c) den Airteagal céanna do ghníomhaíochtaí oibre deonaí 'an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh', lena n-áirítear obair dheonach faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, agus ar an gcaoi sin déantar oidhreacht ceann de na cláir a bhí ann roimhe a dhaingniú go daingean in Erasmus+ a bheidh ann amach anseo. Tá an éifeacht chéanna ag sainmhíniú 17 in Airteagal 2 agus ag aithrisí 20 agus 48.

c) **Infheictheacht na n-earnálacha uile a chumhdaítear leis an gClár**

Ag tógáil ar an obair a rinneadh le linn an tseimeastair roimhe seo, lean an Uachtaránacht d'aghaidh a thabhairt ar iarraidh na dtoscaireachtaí feabhas a chur ar shuntasacht na n-earnálacha óige agus spóirt. Tar éis na hAirteagail nua 4a (*an Óige*) agus 4b (*an Spórt*) a chur isteach, roinneadh Airteagal 6 (*Comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí*) ina mhíreanna atá tiomnaithe don oideachas agus don oiliúint, don óige agus don spórt. Lean pointe (a) d'Airteagal 7 (*Tacaíocht d'fhorbairt beartais*) an t-atheagrú earnáil-dhírithe céanna.

d) **Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár**

Rinneadh dianphlé ar an ábhar cothrománach a chumhdaítear le hAirteagal 13 (*Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár*) agus le haithris 46 lena mbaineann. Mar fhreagairt ar ábhair imní na mBallstát maidir le coincheap nua an chomhlachais pháirtigh leis an gClár, tugadh isteach critéir shonracha le haghaidh catagóirí ar leith de thríú tíortha (mír 4, pointí (a), (b), (c) agus (d) d'Airteagal 13). Go háirithe, ní mór do thríú tíortha atá faoi réir comhlachas páirteach leis an gClár luachanna an Aontais a urramú agus iarradh samhail aonair comhlachais pháirtigh leis an gClár le haghaidh gach tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme mhír 1, pointe (a) den Airteagal céanna.

e) **<u>Deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais</u>**

Rinneadh plé críochnúil ar an tionscnamh nua a mhol an Coimisiún faoin ainm 'Scoláireachtaí Erasmus+ i réimsí straitéiseacha oideachais' (Airteagal 5, pointe (a)) faoina ghnéithe iomadúla (tionchar buiséadach ar an gClár, foinsí cistiúcháin breise a d'fhéadfadh a bheith ann, breisluach Eorpach, cuspóir agus raon feidhme, leibhéil an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí lena mbaineann, tairbhithe, cothromaíocht gheografach, etc.). Ba ghné shuntasach den chaibidlíocht é glao comhchoiteann ar ghrinnscrúdú treisithe ag na Ballstáit agus ar a rannpháirtíocht i ndearadh na gníomhaíochta. Áirítear sa réimse comhréitigh a shainaithin an Uachtaránacht ainmníocht nua don ghníomhaíocht (*deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais*), raon feidhme coigeartaithe le haghaidh Airteagal 5, pointe (a), agus forálacha tiomnaithe rialachais (Airteagal 15, míreanna 3 agus 6, chomh maith le haithrisí 27, 46b agus 46d), lena léirítear cineál sonrach na gníomhaíochta agus na himpleachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith aici.

Anuas air sin:

- tugadh níos mó tábhachta don Limistéar Eorpach Oideachais (aithrisí 10 agus 24 lena gcomhlánaítear an infheictheacht fheabhsaithe i measc chuspóirí an Chláir faoi Airteagal 3); is ar Aontas na Scileanna a dhírítear aithris chomhthreomhar, 24a;

- tugadh isteach tagairtí níos láidre i ndáil le luachanna an Aontais ar fud an téacs (aithrisí 5, 15, 16, 18, 38a, 46 agus Airteagal 13 mír 4);

- moladh ailtireacht athoibrithe an dréacht-Rialacháin, i bhfianaise an ghá atá le struchtúr níos fearr a chur ar fáil timpeall an dá cholún ('Deiseanna foghlama do chách' agus 'Tacaíocht um fhothú acmhainneachta') agus chun níos mó soiléireachta a thabhairt maidir le dáileadh na ngníomhaíochtaí ar fud an téacs.

## V. <u>CONCLÚID</u>

Iarrtar ar an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt teacht ar chur chuige ginearálta páirteach maidir leis an téacs, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028 go 2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888**

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165(4), 166(4) agus 214(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

[1] IO C , lch.
[2] IO C , lch.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór don Aontas tacú lena phobail agus iad a ullmhú, ó aois óg, leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leo san fhoghlaim, san obair agus sa saol. Chuige sin, tá gá ag an Aontas le córais oideachais agus oiliúna ardfheidhmíochta, atá solúbtha, nuálach agus cuimsitheach, atá in ann tallann a chothú, a mhealladh agus a choinneáil, coinneáil suas le luas agus fairsinge na gclaochluithe leanúnacha sochaíocha, digiteacha, comhshaoil agus eacnamaíocha, freagairt do na dúshláin dhéimeagrafacha agus do riachtanais scileanna na sochaí agus an gheilleagair, agus bearnaí scileanna a líonadh, [...] na hearnálacha criticiúla san áireamh.

(2) Is comhphobal luachanna é an tAontas, luachanna atá fréamhaithe i stair agus i bhféiniúlacht na hEorpa agus daingnithe sa Chonradh ar an [...] Aontas Eorpach (CAE). Is scil bhunriachtanach saoil é tuiscint a fháil ar na luachanna sin, lena n-áirítear cearta bunúsacha agus an daonlathas, agus tá an tuiscint sin ríthábhachtach má táthar le páirt a ghlacadh sa díospóireacht pholaitiúil agus sa chinnteoireacht. Cuidíonn gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt leis na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt do shaoránaigh chun bheith faoi rath, páirt ghníomhach agus fhóinteach a ghlacadh sa saol daonlathach agus sa tsochaí ar an iomlán, agus cuidiú le daoine teacht le chéile de bharr a luachanna comhroinnte agus na luachanna sin a chosaint.

(3) Is ar an dlúthpháirtíocht atá an tAontas bunaithe, i measc a shaoránach agus i measc na mBallstát araon. Treoraíonn an luach uilíoch sin gníomhaíochtaí an Aontais agus soláthraíonn sé an aontacht is gá chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha, ar dúshláin iad a bhfuil daoine aonair toilteanach aghaidh a thabhairt orthu sa chleachtas, go háirithe trí shaorálaíocht.

(4) Tá sé bunriachtanach go mbeadh an deis ag gach duine, beag beann ar a gcúlra pearsanta, sóisialta, eacnamaíoch, geografach nó cultúrtha, páirt a ghlacadh in eispéireas soghluaisteachta thar lear ó aois óg, nuair a chruthaítear luachanna agus dearcthaí agus nuair is mó a bhíonn daoine aonair sásta eispéiris nua a fháil [...]. Is féidir le nochtadh luath do thimpeallachtaí, do chultúir, do theangacha agus do bhealaí beatha éagsúla cuidiú le steiréitíopaí a bhriseadh síos, tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, agus luachanna an mheasa, na caoinfhulaingthe agus na dlúthpháirtíochta a chothú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hEoraip níos aontaithe agus níos [...] comhtháite.

(5) Chun sochaithe cuimsitheacha, comhtháite agus athléimneacha a thógáil, agus iomaíochas an Aontais a chothú, ní mór infheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna foghlama do chách, gan beann ar chúlra ná ar acmhainn, trí chomhar idir na Ballstáit agus eagraíochtaí atá gníomhach sa réimse, agus i bhforbairt beartas nuálach fianaisebhunaithe sna réimsí maidir le hoideachais agus oiliúint, an óige agus spórt. Rannchuidíonn an infheistíocht sin freisin leis an bhféiniúlacht Eorpach, luachanna an Aontais, lena n-áirítear cearta bunúsacha, [...] agus Aontas níos daonlathaí a neartú.

(6) I gcomhréir le Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta[3], ba cheart ullmhacht, athléimneacht, rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus rannpháirtíocht shibhialta a chothú trí chur chuige ón mbun aníos, lena spreagfaí eagraíochtaí agus institiúidí chun ról lárnach a bheith acu maidir le litearthacht dhigiteach, litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a chothú, agus maidir le rannpháirtíocht shibhialta agus foghlaim faoin daonlathas agus faoin tsaoránacht a chur chun cinn. Ba cheart do dhaoine agus do phobail ar fud an [...] Aontais páirt ghníomhach a ghlacadh chun géarchéimeanna a chosc agus chun bheith ullmhaithe a ndóthain chun a bhfreagartha.

---

[3] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta (Join/2025/130 final)).

(7) Léiríonn na réimsí gníomhaíochta agus na cuspóirí coiteanna idir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus Erasmus+, cláir atá ann don tréimhse 2021 go 2027, an feabhas a d'fhéadfaí a chur ar an tsineirgíocht agus ar an gcomhleanúnachas rialála. Trí gach deis soghluaisteachta foghlama, saorálaíochta, comhair agus saoránachta agus dlúthpháirtíochta gníomhaí a thabhairt le chéile, soláthraítear pointe iontrála aonair le haghaidh na ndeiseanna uile a chuireann an tAontas ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige, rud a fhágann gur féidir cur chuige níos comhordaithe agus níos éifeachtaí a bheith ann, agus gur fusa do rannpháirtithe agus tairbhithe féideartha rochtain a fháil.

(8) Sa chomhthéacs sin, is gá Erasmus+ 2028-2034, Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, [...] an óige agus spórt (an 'Clár'), a bhunú mar chomharba ar Chlár Erasmus+ 2021-2027[4] agus ar Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh[5], lena gcuimsítear gníomhaíochtaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt agus lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.

(9) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil gá le tuilleadh solúbthachta i dtaca leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil agus le cláir chaiteachais an Aontais. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí chlár Erasmus+, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh sa chistiú ar an bhforbairt a thagann ar na riachtanais bheartais agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear i ndoiciméid ábhartha de chuid an [...] Choimisiúin, [...] na Comhairle agus [...] Pharlaimint na hEorpa iad, agus trédhearcacht agus intuarthacht leordhóthanach á n-áirithiú ag an am céanna maidir le cur chun feidhme an bhuiséid.

---

4 Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt (IO L 189, 28.5.2021).

5 Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (IO L 202, 8.6.2021).

(10) Leis an gClár, ba cheart tacú le forbairt bhreise an Limistéir Eorpaigh Oideachais[6], le cur chun feidhme Aontas na Scileanna[7] agus na gcreataí straitéiseacha foriomlána le haghaidh chomhar beartais an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear na cláir oibre beartais maidir le hoideachas scoile, gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas [...] agus foghlaim aosach, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú, chun go mbeidh saoránaigh in ann inniúlachtaí agus scileanna a fhorbairt ag gach céim dá saol chun go mbeidh rath orthu sa tsochaí.

(11) I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh[8], leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige[9] agus le Teachtaireacht 2024 maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022[10], ba cheart, leis an gClár, tacú le rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga agus eagraíochtaí óige sa chinnteoireacht agus sa cheapadh beartas, lena n-áirítear trí Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, le príomhshruthú na hóige ar fud na réimsí beartais, le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, le hobair óige ardcháilíochta agus le forbairt inniúlachta na n-oibrithe óige. Leanfaidh an [...]Clár de thacaíocht a thabhairt do gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama [...], lena n-áirítear malartuithe ógra, saorálaíocht, rannpháirtíocht na hóige agus gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, agus é mar chuspóir daoine óga a spreagadh agus a chumhachtú chun scileanna agus inniúlachtaí a shealbhú agus a fhorbairt don saol agus dá dtodhchaí ghairmiúil, chun bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus chun páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, daonlathach agus polaitiúil, agus chun iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach agus chun rannchuidiú le hAontas cuimsitheach, inbhuanaithe, iomaíoch agus athléimneach a thógáil.

---

6 Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1).

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Aontas na Scileanna (COM/2025/90 final).

8 Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027 (IO C 456, ST/14944/2018/INIT, 18.12.2018).

9 Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige 2020/C 415/01 a bhunú (IO C 415, 1.12.2020).

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 (COM/2024/1 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/txt/?uri=celex:52024dc0001)

(12) Ba cheart, leis an gClár, tacú le rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht coirp do chách, i gcomhréir le Plean Oibre ábhartha an Aontais Eorpaigh don Spórt [...][11]. Dá bhrí sin, is gá díriú, go háirithe, ar spóirt an phobail, agus aird á thabhairt ar an ról tábhachtach a bhíonn ag an spórt maidir le stíleanna maireachtála sláintiúla, caidreamh idirphearsanta, rannpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn chomh maith le pobail chomhtháite a thógáil.

(13) Tá an claochlú digiteach, lena n-áirítear forbairt thapa na hintleachta saorga, ag athrú [...] na sochaí agus ar an ngeilleagar agus tá tionchar atá ag méadú de shíor aige ar an saol laethúil agus léirítear leis[...] an gá atá le leibhéil níos airde ullmhachta digití agus acmhainneachta oideachais agus oiliúna chomh maith leis an ngéarghá [...] atá le tacú le forbairt scileanna digiteacha [...] do chách, lena n-áirítear smaointeoireacht chriticiúil agus litearthacht sna meáin, ar fud an Aontais tríd an gClár.

(14) Tá ról bunriachtanach ag an bhfoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil [...] san [...] oideachas maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe, leis an múscailt feasachta agus maidir le cothú na scileanna agus na bpríomhinniúlachtaí is gá chun iompraíochtaí pearsanta a athrú. Cuideoidh an Clár le daoine a chumhachtú chun gníomhú ina bpobail faoi seach agus chun na [...] scileanna is gá a fhorbairt le haghaidh [...] aistriú glas rathúil, lena n-áirítear i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Ba cheart don Chlár cleachtais a chur chun cinn a chuidíonn lena thionchar ar an gcomhshaol a laghdú.

---

11 [...]

(15) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gné idirnáisiúnta an Chláir deiseanna a chur ar fáil maidir le soghluaisteacht foghlama, comhar agus idirphlé beartais le tríú tíortha nach comhpháirtithe sa Chlár iad, ag tógáil ar thaithí na gclár a bhí ann roimhe sin, lena n-áirítear rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais, agus luachanna an Aontais á gcur chun cinn agus cosaint leasanna slándála eacnamaíche an Aontais á háirithiú ag an am céanna. Chun tionchar na ngníomhaíochtaí sin a mhéadú, tá sé tábhachtach sineirgí a fheabhsú idir an Clár agus an Eoraip Dhomhanda, [...] an Straitéis Global Gateway agus na creataí beartais oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt.

(16) Ba cheart, leis an gClár, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a thabhairt níos gaire don sprioc atá acu aontú don Aontas, lena n-áirítear trí luachanna an Aontais a chothú. Ba cheart, leis an gClár, cobhsaíocht, comhpháirtíochtaí agus forbairt scileanna a chur chun cinn i measc tíortha sa chomharsanacht máguaird, lena n-áirítear trí naisc le réigiún na Meánmhara a fheabhsú. Trí chomhar le tíortha eile ar fud an domhain, ba cheart, [...] leis an gClár, tallanna a mhealladh ar fud an domhain freisin, agus comhpháirtíochtaí a mhúnlú go háirithe chun iomaíochas an Aontais a chur chun cinn agus a athléimneacht a neartú. Ba cheart, leis an gClár, tacú le tíortha a n-institiúidí agus a n-eagraíochtaí a nuachóiriú agus, ar bhonn níos ginearálta, cáilíocht agus cuimsitheacht an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt a fheabhsú trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.

(17) Ba cheart cur chun feidhme an Chláir a bheith bunaithe ar phrionsabail agus luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas agus ar an smacht reachta, agus ar an dlúthpháirtíocht, mar a chumhdaítear faoi seach in Airteagal 2 CAE [...] agus dá dtagraítear i mbrollach Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt'). Dá bhrí sin, tá sé bunriachtanach go n-urramóidh na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an gClár na prionsabail agus na luachanna sin. Ba cheart urraim a thabhairt freisin sa Chlár do na prionsabail a leagtar amach i dTreoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint, 2017, agus in Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas [...].

(18) Ba cheart, leis an gClár, rannpháirtíocht a spreagadh, go háirithe rannpháirtíocht daoine óga, i saol daonlathach na hEorpa, lena n-áirítear trí thacú le gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le hoideachas saoránachta, lena gcothaítear scileanna atá riachtanach le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta ina bhféadfaidh daoine óga páirt a ghlacadh sa tsochaí shibhialta agus foghlaim faoin dóigh le bheith rannpháirteach inti, rud a mhúsclaíonn feasacht faoi luachanna [...] an Aontais, lena n-áirítear cearta bunúsacha, a éascaíonn idirghníomhaíocht le cinnteoirí ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach agus a rannchuidíonn leis an bpróiseas lánpháirtithe Eorpaigh freisin. Ba cheart don Chlár tacú freisin le deiseanna agus sásraí a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht fhóinteach na hóige, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faoi stiúir na hóige nó gníomhaíochtaí lena mbaineann rannpháirtíocht fhóinteach na hóige a bhféadfadh grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga nó geallsealbhóirí ábhartha eile tabhairt fúthu.

(19) Ba cheart, leis an gClár, deiseanna inrochtana, cuimsitheacha agus sábháilte a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí chun dlúthpháirtíocht a léiriú, cabhrú leo tacú le pobail agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, agus taithí agus scileanna luachmhara á bhfáil san am céanna dá bhfás pearsanta, dá saoránacht ghníomhach agus dá n-infhostaitheacht.

(20) Ba cheart, leis an gClár, tacú freisin le gníomhaíochtaí saorálaíochta 'an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh', lena n-áirítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil. Cumhdaíodh na gníomhaíochtaí sin faoi chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i gclárthréimhse 2021–2027. Eispéireas saibhir i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla agus na foghlama neamhfhoirmiúla atá sa tsaorálaíocht, lena gcuirtear ar chumas daoine óga dlúthpháirtíocht a léiriú agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lena rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus dhaonnúla agus feabhas á chur ag an am céanna ar a bhforbairt phearsanta, shochoideachasúil agus ghairmiúil, ar a saoránacht ghníomhach, ar a rannpháirtíocht shibhialta agus ar a n-infhostaitheacht. [...] Ba cheart sineirgí a shaothrú idir gníomhaíochtaí saorálaíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus beartais agus ionstraimí náisiúnta ábhartha sna Ballstáit agus i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár, i gcás inarb iomchuí.

(21) D'fhonn feabhas a chur ar chur chun cinn na dlúthpháirtíochta agus ar infheictheacht na cabhrach daonnúla agus an chomhair um fhorbairt i measc shaoránaigh na hEorpa, is gá dlúthpháirtíocht a fhorbairt idir na Ballstáit agus na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an [...]gClár, ar thaobh amháin, agus tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus atá thíos le tubaistí ó ghuaiseacha nádúrtha agus ó rioscaí antrapaigineacha, ar an taobh eile. Ba cheart go rannchuideodh an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil le freagairt chomhordaithe riachtanais-bhunaithe ón Aontas, agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo.

(22) Ba cheart leanúint de sheans a thabhairt do dhaoine óga, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna atá acu, taithí a fháil den chéad uair ar an taisteal ar fud na hEorpa mar chuid de ghníomhaíocht foghlama sheachfhoirmiúil [...] agus neamhfhoirmiúil, arb é is aidhm di braistint an mhuintearais leis an Aontas a chothú iontu agus cur ar a gcumas dóibh léargas a fháil ar an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a bhaineann leis.

(23) I réimse an spóirt, trí dheiseanna soghluaisteachta agus fothú acmhainneachta, lena n-áirítear comhar, ba cheart, leis an gClár, luachanna coiteanna Eorpacha, saorálaíocht, agus forbairt nuálaíochta agus scileanna a chothú sa spórt agus tríd an spórt. Ba cheart, leis an gClár, [...] dea-rialachas, sábháilteacht agus ionracas a chur chun cinn sa spórt [...] agus sa taidhleoireacht spóirt [...]. Ba cheart tacú freisin le heagraíochtaí spóirt an phobail, lena ndíreofaí ar ghníomhaíochtaí coirp do gach duine a chleachtar chun críocha sláinte, oideachais nó sóisialta [...]. Leis an gClár, ba cheart an deis a thabhairt do dhaoine ar fud na hEorpa páirt a ghlacadh i dtionscnaimh spóirt trasteorann, rud a chothóidh fás pearsanta, malartú cultúrtha, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht an phobail.

(24) Cuireann an Clár go mór leis an [...] Limistéar Eorpach Oideachais [...], a dtacaítear leis agus a chuirtear chun feidhme tríd an gcreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint, agus a chuireann cáilíocht, cothromas, cuimsiú agus rath chun cinn do chách. Is é is bonn taca don Limistéar Eorpach Oideachais cur chuige iomlánaíoch lena gcumhdaítear teagasc, oiliúint agus foghlaim i ngach comhthéacs agus leibhéal — bídís foirmiúil, seachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil — ó oideachas agus cúram na luath-óige go foghlaim aosach, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) agus ardoideachas.

(24a) Rannchuidiú leis an gcuspóir fíorspás coiteann a chruthú le haghaidh oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán thar theorainneacha [...], [...] tá sé d’aidhm ag Aontas na [...] Scileanna dlús a chur leis na hiarrachtaí [...] sa réimse sin. D’fhéadfaí é sin a bhaint amach trí bhunscileanna agus ardscileanna a sholáthar, trí dheiseanna a chur ar fáil do dhaoine scileanna nua agus scileanna atá dírithe ar an todhchaí a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus a shealbhú, trí shoghluaisteacht daoine a éascú trí thrédhearcacht agus aitheantas do scileanna agus cáilíochtaí agus trí earcaíocht ag gnólachtaí ar fud an [...]Aontais, agus tríd an tallann is fearr a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil san Eoraip [...].

(25) Tá sé tábhachtach rochtain ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar thaighde ar an [...]Aontas, ar luachanna agus ar shaoránacht a spreagadh agus a leathnú. Tá sé thar a bheith tábhachtach muintearas agus tiomantas Eorpach a chothú i bhfianaise na ndúshlán atá os comhair an Aontais sa lá atá inniu ann. Ba cheart go leanfadh an Clár de rannchuidiú le foghlaim faoi chúrsaí lánpháirtíochta Eorpaí, lena n-áirítear na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ag an Aontas amach anseo, chun díospóireacht a chur chun cinn ar na hábhair sin agus chun barrfheabhas i léann na lánpháirtíochta Eorpaí a fhorbairt, trí ghníomhaíochtaí Jean Monnet freisin.

(26) Trí theangacha a fhoghlaim, rannchuidítear le tuiscint fhrithpháirteach idir daoine agus cultúir agus [...] leis san éagsúlacht chultúrtha, agus cothaítear soghluaisteacht laistigh den Aontas agus lasmuigh de, ós rud é gur scileanna bunriachtanacha saoil agus poist iad inniúlachtaí teanga. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart foghlaim teangacha a fheabhsú, lena n-áirítear teangacha náisiúnta comharthaíochta, i gcás inarb ábhartha. Chun rochtain leathan chuimsitheach ar an gClár a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-ilteangachas a bheith ina phríomhphrionsabal i gcur chun feidhme an Chláir.

(27) Tá dúshlán méadaitheach roimh an Eoraip maidir le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais scileanna atá ag an margadh saothair, lena n-áirítear le haghaidh na n-earnálacha atá thíos le ganntanais thromchúiseacha, agus maidir le freastal ar an éileamh ar thallann oilte in earnálacha straitéiseacha [...], cuir i gcás [...] teicneolaíochtaí glana agus ciorclacha, an t-iompar, fuinneamh, an athléimneacht uisce, an talmhaíocht, cúram sláinte, teicneolaíochtaí digiteacha, an t-aeraspás agus an chosaint, agus earnálacha eile nach iad. [...] I gcomhréir le hAontas na [...]Scileanna, ba cheart don Chlár [...] tacú le foghlaimeoirí [...] san Aontas [...] dul i mbun staidéir in [...] earnálacha straitéiseacha a bhfuil breisluach Eorpach soiléir ag baint leo. D'fhéadfaí a áireamh, leis sin, na bearta atá ceaptha [...] an tallann is fearr [...] a choinneáil san Eoraip trí dheiseanna a chur ar fáil chun staidéar a dhéanamh i gcláir staidéir chomhpháirteacha, ar leibhéil 5, 6 agus 7 den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí san ardoideachas agus, i gcás inarb iomchuí, sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Leis na bearta sin, ba cheart rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí ó chúlraí éagsúla a éascú, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna atá acu, agus an chothromaíocht gheografach á cur san áireamh ag an am céanna. Ba cheart iad a chur chun feidhme go solúbtha chun freagairt do na tosaíochtaí beartais atá ag teacht chun cinn agus do riachtanais an mhargaidh saothair. Níor cheart go n-athródh na deiseanna forbartha tallainne ná barr feabhais príomhfhócas an Chláir ar shoghluaisteacht foghlama, agus níor cheart go mbeadh tionchar díréireach acu ar chistiú ghníomhaíochtaí eile an Chláir. D'fhéadfaí tacaíocht do na deiseanna sin a shaothrú trí shineirgí le hionstraimí eile, cuir i gcás an Ciste Eorpach um Iomaíochas, agus trí rannpháirtíocht gnólachtaí, tionscail agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a ghiaráil. Chomh maith le daoine tréitheacha, dúchasacha a fhorbairt agus a choinneáil, tá sé tábhachtach daoine tréitheacha a mhealladh chuig an Aontas trí [...] dheiseanna, scoláireachtaí Erasmus Mundus cuir i gcás, a thairiscint. [...]

(28) Leis an gcomhar, is féidir cleachtais agus fothú acmhainneachta a mhalartú agus, ar an gcaoi sin, torthaí agus feidhmíocht níos fearr chomh maith le gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach trí acmhainní agus eolas a chomhthiomsú. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart tacú le bearta fothaithe acmhainneachta lena gcuirfear feabhas ar an gcomhar ar leibhéil éagsúla idir institiúidí agus eagraíochtaí atá gníomhach i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt. Aithnítear leis sin ról lárnach na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí maidir leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a thabhairt do dhaoine óga i ndomhan athraitheach agus maidir le cabhrú le hinstitiúidí agus le heagraíochtaí atá gníomhach sa réimse a n-acmhainneacht i ndáil le nuálaíocht, cruthaitheacht agus fiontraíocht a chomhlíonadh go cuí, go háirithe sa gheilleagar digiteach.

(29) Ba cheart, leis an gClár, tacú le comhar straitéiseach trasnáisiúnta fadtéarmach ar an leibhéal institiúideach chun barr feabhais, iomaíochas agus tarraingteacht a fhorbairt agus chun claochlú inbhuanaithe córasach a dhéanamh ar eagraíochtaí agus institiúidí oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt, i gcomhréir le tosaíochtaí an [...][...] Aontais [...]. Áireofar leis an gcomhar sin tionscnaimh a [...] fheidhmíonn[...] mar ionaid tástála le haghaidh ionstraimí nuálacha oideachais, oiliúna agus forbartha scileanna, lena dtacaítear leis an gcomhar le gnólachtaí, leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. Ba cheart, leis an gClár, leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair na n-institiúidí oideachais agus oiliúna agus na mBallstát chun deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann ar an gcomhar trasnáisiúnta agus chun an tairiscint maidir le cláir staidéir chomhpháirteacha thrasnáisiúnta a mhéadú, rud a chuirfeadh leis an gCéim Eorpach chomhpháirteach a d'fhéadfadh a bheith ann[12].

[12] Rún ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirtí agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach fhéideartha: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh. (IO C, C/2025/2939, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2939/oj).

(30) Ba cheart, leis an gClár, tacú ar bhealach inbhuanaithe le croímhisean oideachais na gComhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha, is é sin go bhféadfaí tionchar sistéamach a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla trí ghníomhaíocht fhadtéarmach ar leibhéal an Aontais, go háirithe chun barr feabhais a threisiú, ilroinnt a laghdú, tarraingteacht agus cuimsitheacht na gcóras ardoideachais ar fud an Aontais a mhéadú, agus ionstraimí nuálacha a fhorbairt chun cáilíocht na foghlama agus an teagaisc [...] a mhéadú. An croímhisean sin, atá fréamhaithe i bhfís chomhroinnte agus a fhaigheann tacaíocht ó shocruithe rialachais comhpháirteacha agus ó acmhainní comhroinnte, ba cheart a chuimsiú leis forbairt scileanna agus inniúlachtaí atá dírithe ar an todhchaí [...], lena n-áirítear [...] le haghaidh earnálacha a sainaithníodh cheana in Aontas na Scileanna, trí chláir staidéir ábhartha a sheasfaidh an aimsir [...], nuálaíocht oideolaíoch, céimeanna comhpháirteacha, foghlaim ar feadh an tsaoil agus micridhintiúir, chun tallann a chothú agus a mhealladh agus chun an comhar trasnáisiúnta san oideachas a éascú, lena n-áirítear comhar le gnólachtaí, an tionscal agus páirtithe leasmhara ábhartha eile. Ba cheart tacaíocht do gach gné de na comhghuaillíochtaí, lena n-áirítear taighde agus nuálaíocht agus a rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais, a shaothrú trí shineirgí le hionstraimí eile, cuir i gcás an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus Fís Eorpach.

(30a) Ba cheart, leis an gClár, tacú le hIonaid Barr Feabhais Gairme atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí ar an leibhéal trasnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun tacú le córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna ardcháilíochta agus nuálacha lena bhforbraítear scileanna agus deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil agus phearsanta, i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le geilleagar agus sochaí dhinimiciúil, athléimneach agus chuimsitheach. D'fhéadfaí tuilleadh tacaíochta a shaothrú trí shineirgí le hionstraimí eile, cuir i gcás an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

(31) I gcomhréir le creataí agus uirlisí ábhartha an Aontais, ba cheart, leis an gClár, rannchuidiú le forbairt scileanna [...], lena n-áirítear [...] trí scéim tacaíochta bunscileanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus trí dhearbhú cáilíochta, trédhearcacht, aitheantas scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí a chothú (lena n-áirítear cáilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus cáilíochtaí oiliúna a thugann rochtain ar an ardoideachas[13]) [...] digiteáil na scileanna sin agus bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, bainistiú scileanna agus treoir. Maidir leis sin, ba cheart, leis an gClár, tacaíocht a chur ar fáil freisin do phointí teagmhála agus do líonraí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach lena n-éascaítear malairtí tras-Eorpacha agus níos faide i gcéin, agus bealaí foghlama solúbtha a fhorbairt idir réimsí éagsúla oideachais agus oiliúna agus óige, agus idir shocruithe foirmiúla agus seachfhoirmiúla á gcuimsiú, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'éiceachórais micridhintiúr.

(32) Is féidir le hardáin agus uirlisí ar líne um chomhar fíorúil atá áisiúil don úsáideoir ról tábhachtach a bheith acu maidir le tacú le soláthar an oideachais agus na hoiliúna agus an bheartais óige agus spóirt san Aontas agus níos faide i gcéin. Chun úsáid gníomhaíochtaí um chomhair fhíorúil a mhéadú, ba cheart, leis an gClár, tacú le húsáid níos córasaí agus níos comhleanúnaí ardán ar líne. Ba cheart próisis soghluaisteachta a éascú leis freisin agus ba cheart tacú leo tríd an digiteáil.

13 Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn le haghaidh cáilíochtaí oideachais agus oiliúna ar leibhéil an ardoideachais agus an mheánoideachais shinsearaigh, agus le haghaidh torthaí tréimhsí foghlama thar lear (IO C 444, 10.12.2018, lch. 1).

(33) Ba cheart an Clár a dhearadh chun cuimsiú, éagsúlacht, dlúthpháirtíocht agus comhdheiseanna, lena n-áirítear comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, a chur chun cinn trí rochtain ar shoghluaisteacht, ar shaorálaíocht agus ar fhoghlaim a leathnú ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin, rud a chuirfeadh ar chumas gach duine tairbhe iomlán a bhaint as eispéireas claochlaitheach.

(34) Ba cheart, leis an gClár, foráil a dhéanamh maidir le sraith beart chun rochtain do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú agus a mhéadú, chun deireadh a chur leis na bacainní a d'fhéadfadh an rochtain sin a chosc, lena n-áirítear rochtain airgeadais, agus chun fónamh mar bhonn do threoir bhreise maidir leis an gcur chun feidhme. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin, i measc bearta eile, tacaíocht airgeadais spriocdhírithe, formáidí foghlama inrochtana, rochtain ar thithíocht i ndáil le gníomhaíochtaí an Chláir [...] a éascú, gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus tacaíocht do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu roimh a rannpháirtíocht sa Chlár, lena linn agus ina diaidh, doiciméid sholáimhsithe inrochtana arna gcur ar fáil i dteangacha éagsúla, gníomhaíochtaí tacaíochta do bhaill foirne a bhíonn ag déileáil go sonrach leis an gcuimsiú agus an éagsúlacht in eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta i measc rannpháirtithe ionchasacha ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus iargúlta. Ina theannta sin, leis an gClár, ba cheart go mbeifí in ann tosaíocht a thabhairt sa phróiseas dáfa deontas do thionscadail ardcháilíochta lena dtugtar aghaidh go gníomhach ar chuimsiú agus ar rannpháirtíocht rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu.

(35) Chun an Clár a dhéanamh níos inrochtana d'eagraíochtaí nuatheachta, d'eagraíochtaí beaga agus d'eagraíochtaí arb íseal a n-acmhainneacht riaracháin agus chun an Clár a dhéanamh níos inláimhsithe do thairbhithe, ba cheart, leis an gClár, treisiú leis na bearta chun nósanna imeachta a shimpliú ag gach céim.

(36) ⌊Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais táscach don Chlár. Chun críche an Rialacháin seo, déantar praghsanna atá ann faoi láthair a ríomh trí dhíbhoilsceoir seasta 2 % a chur i bhfeidhm.⌋

(37) I bhfianaise éagsúlacht na réimsí a chumhdaítear leis an gClár, ba cheart an uaillmhian don óige agus don spórt a bheith ina rannchuidiú fóinteach le cuspóirí an Chláir agus lena spriocghrúpaí a bhaint amach a choinneáil ar bun.

(38) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais.

(38a) De bhun Airteagal 6(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór forálacha Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 a chomhlíonadh tráth a bhunaítear agus a chuirtear an buiséad chun feidhme. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, agus an buiséad á chur chun feidhme, áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún comhlíontacht leis an gCairt, i gcomhréir le hAirteagal 51 den Chairt, agus urramóidh siad luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE atá ábhartha i gcur chun feidhme an bhuiséid.

[14] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais. (IO L, 2024/2509, 26.9.2024).

(39) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[16], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[17] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[18], tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (CE, Euratom) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh, mar a fhoráiltear dó sin i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú.

---

15 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1 ...]).

16 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23/12/1995, lch. 1).

17 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

18 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

19 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

(40) Chun na ceanglais ar thairbhithe a shimpliú, ba cheart úsáid a bhaint a mhéid is féidir as roghanna costais simplithe i bhfoirm cnapshuimeanna, costas aonaid agus rátaí comhréidhe. Ba cheart na costais mhaireachtála agus chothaithe sa tír óstach a chur san áireamh sna roghanna costais simplithe chun tacú leis an tsoghluaisteacht foghlama faoin gClár. I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, ba cheart na Ballstáit a spreagadh leis na deontais sin a dhíolmhú ó aon cháin agus tobhach sóisialta; ba cheart caitheamh le deontais a dhámhann eintitis dhlítheanacha phoiblí nó phríobháideacha do dhaoine aonair ar an mbealach céanna.

(41) Is iomchuí a áirithiú go gcuirfear clabhsúr ceart le Cláir 2021 go 2027, go háirithe a mhéid a bhaineann le leanúint de shocruithe ilbhliantúla maidir lena mbainistiú, amhail cúnamh teicniúil agus riaracháin a mhaoiniú. Ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, ba cheart, más gá, a áirithiú leis an gcúnamh teicniúil agus riaracháin go mbainisteofaí na gníomhaíochtaí nach bhfuil tugtha chun críche faoi Chláir 2021 go 2027 faoin 31 Nollaig 2027.

(42) I gcomhréir le hAirteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart don Chlár staid shonrach na réigiún is forimeallaí dá dtagraítear san Airteagal sin a chur san áireamh [...]. [...] Ba cheart bearta a dhéanamh chun a rannpháirtíocht sa Chlár a éascú i ngach gníomhaíocht, lena n-áirítear trí bhíthin tacaíocht airgeadais, i gcás inarb ábhartha, don tsoghluaisteacht foghlama agus don tsaorálaíocht. Ba cheart soghluaisteacht agus comhar idir daoine agus eagraíochtaí ó na réigiúin sin agus ó thríú tíortha, go háirithe a gcomharsana, a chothú. Ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bhearta den sórt sin ar bhonn rialta.

(43) De bhun Airteagal 85(1) de Chinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle[20], tá daoine nádúrtha agus eintitis ábhartha atá lonnaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe do chistiú faoin gClár, faoi réir rialacha agus cuspóirí an Chláir agus [...] na socruithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

(44) [Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht], lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus prionsabal an chomhionannais inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi seach, na rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, na rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, na rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith leis na forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais, amhail na cinn sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.]

(45) D'fhonn an breisluach is fearr a fháil agus scála agus tionchar na n-infheistíochtaí a mhéadú, ba cheart sineirgí a lorg go háirithe idir an Clár agus ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear trí shásraí cumasúcháin, mar atá, nósanna imeachta simplithe. Ba cheart, leis an gClár, sineirgí a lorg freisin lena neartaítear an comhar idir an t-oideachas agus an earnáil phríobháideach.

---

[20] Cinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn) (IO L 355, 7.10.2021, lch. 6 [...]).

(46) Ba cheart an Clár a bheith oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha i gcás ina bhfuil sé sin chun leas an Aontais. Sa mhéid sin, féadfaidh an tAontas comhlachas iomlán nó páirteach leis an gClár a cheadú do thríú tíortha, leis na gníomhaíochtaí lena gcomhdhéantar an Clár, i gcás ina bhfuil comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha i bhfeidhm leis na tíortha sin agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos iontu. Ba cheart catagóir na micreastát Eorpach (Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó, Poblacht San Mairíne agus Stát Chathair na Vatacáine) a áireamh ar na tríú tíortha freisin. Ba cheart comhlachas leis an gClár a bheith faoi réir cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír agus ba cheart cosaint leasanna airgeadais agus slándála an Aontais a áirithiú leis. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha agus maidir le módúlachtaí na rannpháirtíochta sin, ní mór sainchumais Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin faoi seach faoi Airteagal 218 CFAE a urramú. Tríú tíortha a bhí rannpháirteach in aon cheann de na cláir réamhtheachtacha faoi Rialacháin (AE) 2021/817[21], (AE) 2021/888[22], (AE) Uimh. 1288/2013[23] nó (AE) 2018/1475[24] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus a bhunaigh gníomhaireacht náisiúnta le linn aon cheann de na clárthréimhsí ábhartha, níor cheart iad a mheas le haghaidh comhlachas páirteach leis an gClár. I gcás catagóirí eile de thríú tíortha, ba cheart comhlachas páirteach a úsáid mar chéim i dtreo comhlachas iomlán nó ba cheart é a mheas mura bhfuil aon ionchas comhlachais iomláin ann agus má tá an comhlachas páirteach sin chun leas an Aontais. In aon chás, ba cheart pacáiste aonair réamhshainithe ranníocaíochtaí agus sochar a úsáid i ngach comhaontú

---

21 Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/817/oj).

22 Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 (IO L 202, 8.6.2021, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/888/oj).

23 Rialachán (AE) Uimh. 2021/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Erasmus+: clár an Aontais um oideachas, oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Cinntí Uimh. 1719/2006/CE, Uimh. 1720/2006/CE agus Uimh. 1298/2008/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1288/oj).

24 Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (IO L 250, 4.10.2018, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1475/oj).

lena ndeonaítear comhlachas páirteach. Tá sé ríthábhachtach go n-urramóidh tríú tíortha atá rannpháirteach sa Chlár luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Ba cheart eintitis dhlítheanacha ó [...] thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith in ann páirt a ghlacadh i gcuid de ghníomhaíochtaí an Chláir, mar a shainítear iad sna cláir oibre agus sna glaonna ar thograí arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, ar choinníoll go rannchuidíonn a rannpháirtíocht le cuspóirí an chláir a bhaint amach agus go bhfuil sí fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme.

(46a) Chun intuarthacht agus trédhearcacht a neartú, na gníomhaíochtaí faoi bhainistíocht dhíreach a thugtar isteach den chéad uair agus nár cuireadh chun feidhme roimhe sin trí chlár oibre faoin Rialachán seo, ba cheart iad a bheith inaitheanta go soiléir mar ghníomhaíochtaí nua. Sa chéad bhliain de chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart gníomhaíochtaí nua a mheas mar na gníomhaíochtaí sin nár cuireadh chun feidhme trí chlár oibre faoi Rialachán (AE) 2021/817 nó (AE) 2021/888.

(46b) Ba cheart gníomhaíocht a mheas mar ghníomhaíocht nua i gcás ina dtugtar isteach léi loighic idirghabhála ar leith, arna léiriú go háirithe le cuspóir agus raon feidhme nua, príomh-spriocghrúpa nua, sásra seachadta atá an-difriúil, agus/nó leithdháileadh buiséadach inaitheanta ar leith sa chlár oibre. Níor cheart a mheas gur gníomhaíochtaí nua iad oiriúnuithe amhail athruithe ar ainm gníomhaíochta atá ann cheana, coigeartuithe buiséadacha bliantúla, modhnuithe ar thráthchlár nó ar fhad ama, nuashonruithe teicniúla ar chritéir nó ar choinníollacha dámhachtana, síntí geografacha, nó tabhairt isteach módúlachtaí comhlántacha cur chun feidhme, ar choinníoll nach n-athraíonn na hathruithe sin cuspóirí foriomlána ná loighic idirghabhála na gníomhaíochta atá ann cheana. Ba cheart a mheas gur gníomhaíocht nua iad na deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais, ainneoin go mbaineann siad leis an tionscadal turgnamhaíochta beartais Eorpach faoi Erasmus+ 2021-2027.

(46c) Chun solúbthacht an Chláir a chaomhnú, ba cheart é a bheith d'acmhainn ag an Aontas i gcónaí gníomhaíochtaí nua a thabhairt isteach chun freagairt go tráthúil ar imthosca eisceachtúla, agus deimhneacht dhlíthiúil agus cur chun feidhme éifeachtach an Chláir i gcomhréir lena chuspóirí á n-áirithiú ag an am céanna. Tá tabhairt isteach na ngníomhaíochtaí sin faoi réir na cláir oibre ar leith a bheith á nglacadh ag an gCoimisiún.

(46d) I bhfianaise a gcineáil an-nuálaíoch agus na n-impleachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith acu ar bhuiséad an Chláir, ba cheart don Choimisiún, i ndlúthchomhar le Coiste an Chláir, deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais a fhorbairt. Ba cheart don Choimisiún torthaí an mheasúnaithe maidir le deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais a chur faoi bhráid na Comhairle freisin, sula gcuirfear san áireamh sa ghnáthchlár oibre iad. Ba cheart don Choimisiún na tuairimí a cuireadh in iúl sa Chomhairle a chur san áireamh.

(47) Ba cheart for-rochtain iomchuí agus chuimsitheach agus poiblíocht na ndeiseanna a dtacaíonn an Clár leo a áirithiú ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus ba cheart a chur san áireamh leo príomh-spriocghrúpaí an Chláir agus, i gcás inarb ábhartha, raon leathan spriocghrúpaí eile. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún agus do na comhlachtaí cur chun feidhme comhroinnt dea-chleachtas agus torthaí tionscadail a éascú agus aiseolas a bhailiú faoin gClár.

(48) Leis an gClár, ba cheart leas a bhaint as acmhainneacht iar-rannpháirtithe sa Chlár Erasmus+ agus i gClár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus ba cheart tacú le gníomhaíochtaí gaolmhara trí iad a spreagadh chun an Clár a chur chun cinn.

(49) Ba cheart bearta a dhéanamh chun bainistiú an Chláir a chuíchóiriú agus chun barainneacht scála a bhaint amach, lena n-áirítear trí [...] rannchuidithe ón gClár a chomhdhlúthú laistigh de chomhaontú rannchuidithe aonair in aghaidh na gníomhaireachta náisiúnta, i gcás inarb iomchuí.

(49a) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25].

(49b) Maidir leis an léirmhíniú ar ghníomhartha dlí gaolmhara de chuid an Aontais, is iomchuí a mheas go bhfuil gníomhaíochtaí saorálaíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh lena dtacaítear faoin Rialachán seo nó na gníomhaíochtaí saorálaíochta lena dtacaítear go fóill faoi Rialachán (AE) 2021/888, go bhfuil siad coibhéiseach leis an tsaorálaíocht a dhéantar faoin tSeirbhís Dheonach Eorpach.

(50) Aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817[26] agus (AE) 2021/888[27] le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

(51) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar sa réimse beartais ábhartha agus ionas go bhféadfar tús a chur leis an gcur chun feidhme ó thús an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil idir 2028 go 2034, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2028[...],

[25] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

[26] [...]

[27] [...]

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# [...] TEIDEAL I

# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

***Ábhar***

Bunaítear leis an Rialachán seo Erasmus+, an [...] clár le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna [...], na hóige agus an spóirt (an 'Clár') agus bunaítear, leis, an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil agus, ina theannta sin, leagtar síos leis freisin cuspóirí an Chláir, a bhuiséad [don tréimhse 2028 go 2034], foirmeacha an chistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar. [...]

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

[...]

(2a) ciallaíonn 'oideachas aosach' aon chineál foghlama foirmiúla, seachfhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla do dhaoine fásta;

(3) ciallaíonn 'spórt an phobail' aon spórt nó gníomhaíochtaí coirp [...] arna gcleachtadh go tráthrialta ar leibhéal neamhghairmiúil, ar an leibhéal áitiúil go príomha, ag daoine de gach aois, chun críoch sláinte, oideachais nó sóisialta;

(4) ciallaíonn 'institiúid ardoideachais' institiúid ina dtairgtear, i gcomhréir leis an dlí nó an cleachtas náisiúnta, nó, i gcás inarb infheidhme, leis an dlí nó an cleachtas réigiúnach, céimeanna aitheanta nó cáilíochtaí aitheanta eile ar leibhéal an oideachais threasaigh, gan beann ar an ainm a chuirtear ar an bhforas sin, nó institiúid inchomparáide tríú leibhéal eile a mheasann na húdaráis náisiúnta nó réigiúnacha a bheith incháilithe [...] chun páirt a ghlacadh sa Chlár ina gcríocha faoi seach;

(5) ciallaíonn 'mac léinn ardoideachais' duine atá cláraithe ag institiúid ardoideachais, lena n-áirítear ar leibhéal gearr-timthriallach, baitsiléara, máistreachta nó dochtúireachta nó a choibhéis, nó duine a fuair céim ó [...] cheann de na hinstitiúidí sin le gairid;

(6) tagraíonn 'an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil' do ghníomhaíochtaí saorálaíochta lena dtacaítear le hoibríochtaí maidir le cabhair dhaonnúil fhadtéarmach iar-ghéarchéime agus le hoibríochtaí comhair um fhorbairt i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, arb é is aidhm dóibh cúnamh riachtanaisbhunaithe a sholáthar atá dírithe ar anró an duine a chosc agus a mhaolú, agus dínit an duine a chaomhnú go marthanach i gcás géarchéimeanna, agus lena n-áirítear gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh ullmhacht maidir le tubaistí agus laghdú riosca tubaistí a threisiú, fóirithint, athshlánú agus forbairt a nascadh agus rannchuidiú le hathléimneacht agus acmhainneacht pobal leochaileach nó pobal atá thíos le tubaistí a neartú ionas go mbeidh siad in ann déileáil le géarchéimeanna agus téarnamh uathu;

(7) ciallaíonn ‘foghlaim neamhfhoirmiúil’ foghlaim mar thoradh ar ghníomhaíochtaí laethúla agus ar thaithí laethúil nach bhfuil eagraithe ná struchtúraithe ó thaobh cuspóirí, am nó tacaíocht foghlama de; d’fhéadfadh sí a bheith neamhbheartaithe ó thaobh an fhoghlaimeora de;

(8) ciallaíonn ‘cláir staidéir chomhpháirteacha’ [...] <u>curaclam comhtháite</u> arna chomhordú agus arna thairiscint go comhpháirteach ag institiúidí ardoideachais éagsúla ó dhá thír nó níos mó agus a mbronntar [...] <u>céimeanna dúbailte/iolracha</u> mar thoradh air;

(9) ciallaíonn ‘foghlaim ar feadh an tsaoil’ foghlaim i ngach foirm, bíodh sí foirmiúil, seachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil, a tharlaíonn ag gach céim den saol agus as a dtagann feabhas nó nuashonrú ar eolas, scileanna, inniúlachtaí agus dearcthaí, lena n-áirítear trí mhicridhintiúir nó rannpháirtíocht sa tsochaí ó thaobh pearsanta, sibhialta, cultúrtha, sóisialta nó fostaíochta de, soláthar seirbhísí comhairleoireachta agus treorach, mar shampla; áirítear leis an bhfoghlaim sin oideachas agus cúram na luath-óige, oideachas ginearálta, gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas, <u>oideachas</u> [...] aosach, obair óige, <u>spórt</u> agus suíomhanna foghlama eile lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint fhoirmiúil agus go hiondúil cuireann sí comhar trasearnála agus conairí foghlama solúbtha chun cinn;

(10) ciallaíonn 'soghluaisteacht foghlama' bogadh go fisiceach go tír eile nach í an tír chónaithe í chun tabhairt faoi staidéar, oiliúint, teagasc nó foghlaim sheachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil, agus a bhféadfadh comhpháirteanna fíorúla a bheith i gceist leis;

(10a) ciallaíonn 'eintiteas dlítheanach' duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bunaíodh mar eintiteas dlítheanach agus a aithnítear mar eintiteas dlítheanach faoin dlí náisiúnta, faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige agus a fhéadfaidh, ag gníomhú dó ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige faoi mar a thagraítear dó in Airteagal 200(2), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;

(10b) ciallaíonn 'gníomhaireacht náisiúnta' comhlacht arna ainmniú i gcomhréir leis an Rialachán seo, a bhfuil de chúram air an Clár a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár;

(10c) ciallaíonn 'údarás náisiúnta' comhlacht poiblí arna ainmniú i gcomhréir leis an Rialachán seo, a bhfuil de chúram air faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú an Chláir ar an leibhéal náisiúnta i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár;

(11) ciallaíonn 'foghlaim sheachfhoirmiúil' foghlaim a bhíonn ar siúl lasmuigh den oideachas agus den oiliúint fhoirmiúil trí ghníomhaíochtaí pleanáilte i dtéarmaí cuspóirí foghlama agus am foghlama agus i gcás ina mbíonn foirm éigin de thacaíocht foghlama ann;

(12) ciallaíonn 'daoine ar lú na deiseanna atá acu' daoine, ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó sláinte nó mar gheall ar a gcúlra imirceach, nó ar chúiseanna amhail míchumas nó deacrachtaí oideachais nó ar aon chúis eile, lena n-áirítear cúis a d'fhéadfadh a bheith ina hidirdhealú faoi Airteagal 21 den Chairt [...], a mbíonn bacainní rompu a d'fhéadfadh cosc a chur orthu rochtain éifeachtach a bheith acu ar dheiseanna faoin gClár;

(13) ciallaíonn 'dalta scoile' duine atá cláraithe i gcáil foghlama ag institiúid a sholáthraíonn oideachas ginearálta ar aon leibhéal ó oideachas agus cúram na luath-óige go dtí oideachas meánscoile sinsearach, nó duine a fhaigheann a chuid scolaíochta lasmuigh de shuíomh institiúideach agus a mheasann na húdaráis inniúla a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chlár ina gcríocha ar leith;

(14) ciallaíonn 'ball foirne' duine atá bainteach leis an oideachas, an oiliúint nó an oideachas seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar gach leibhéal, bíodh sé sin ar bhonn gairmiúil nó deonach[...]; agus áirítear leis sin baill foirne acadúla, múinteoirí, oiliúnóirí, ceannairí scoile, oibrithe don óige, baill foirne spóirt, baill foirne in oideachas agus i gcúraim na luath-óige, baill foirne nach baill foirne oideachasúla iad agus cleachtóirí eile atá rannpháirteach ar bhonn rialta i gcur chun cinn na foghlama;

(14a) <u>ciallaíonn 'ball foirne spóirt' duine atá bainteach le teagasc, oiliúint nó bainistiú foirne spóirt nó lucht spóirt aonair, ar bhonn íoctha nó ar bhonn deonach;</u>

(15) ciallaíonn 'tríú tír' tír nach Ballstát [...] [...] í;

(15a) <u>ciallaíonn 'gníomhaíocht nua' gníomhaíocht a thugtar isteach den chéad uair agus nár cuireadh chun feidhme roimhe sin trí chlár oibre faoin Rialachán seo nó a thugtar isteach sa chéad bhliain de chur chun feidhme an Chláir seo, agus nár cuireadh chun feidhme roimhe sin trí chlár oibre faoi Rialachán (AE) 2021/817 nó (AE) 2021/888;</u>

(15b) <u>ciallaíonn 'comhar fíorúil' aon fhoirm chomhair lena n-úsáidtear uirlisí digiteacha agus teicneolaíochtaí chun aon ghníomhaíocht ábhartha de chuid an Chláir a éascú agus chun tacú le haon cheann de na gníomhaíochtaí sin;</u>

(16) ciallaíonn 'foghlaimeoir gairmoideachais agus gairmoiliúna' duine atá cláraithe ar chlár gairmoideachais agus oiliúna tosaigh nó leanúnach ar aon leibhéal ó leibhéal na meánscoile go dtí leibhéal iar-mheánscoile nó duine a bhain céim amach nó a fuair cáilíocht le déanaí as clár den sórt sin;

(16a) ciallaíonn 'tionscnamh don óige' gníomhaíocht lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint fhoirmiúil arna déanamh ag grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga, ag eagraíochtaí don óige nó ag páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus a bhfuil cur chuige um fhoghlaim sheachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil mar shaintréith aici;

(17) ciallaíonn 'gníomhaíocht saorálaíochta de chuid an 'Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach'' gníomhaíocht gan íocaíocht [...] lena ngabhann comhpháirt láidir foghlama agus lena rannchuidítear leis an leas coiteann a bhaint amach, a dhéantar ar feadh tréimhse theoranta agus nach gcuirtear in ionad tréimhse oiliúna ná fostaíocht ná nach comhionann í le tréimhse oiliúna ná le fostaíocht;

(18) ciallaíonn 'daoine óga' i réimse na hóige daoine atá idir trí bliana déag d'aois agus tríocha bliain d'aois;

(19) ciallaíonn 'oibrí don óige' duine, ar bhonn gairmiúil nó deonach, atá páirteach san fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus a thacaíonn le daoine óga maidir lena bhforbairt phearsanta shochoideachasúil agus ghairmiúil agus le forbairt a n-inniúlachtaí; áirítear leis sin daoine a dhéanann gníomhaíochtaí i réimse na hóige a phleanáil, a stiúradh, a chomhordú agus a chur chun feidhme [...];

(20) Ciallaíonn 'Comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha' grúpa institiúidí ardoideachais Eorpacha a chuaigh i mbun comhar trasnáisiúnta fadtéarmach struchtúrach arna dhearbhú i ráiteas misin comhpháirteach, agus a thairgeann soláthar comhpháirteach oideachais darb aidhm oideachas ardcháilíochta, aistriú eolais, ardleibhéil soghluaisteachta, taighde agus nuálaíochta i gcás inarb iomchuí, agus seirbhís don tsochaí a sholáthar.

*Airteagal 3*

***Cuspóirí an Chláir***

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a [...] chur chun cinn, scileanna agus inniúlachtaí saoil agus gairme a fheabhsú do chách, agus luachanna an Aontais, rannpháirtíocht dhaonlathach agus shochaíoch, an dlúthpháirtíocht, an cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna a chothú, san A[...]ontas agus níos faide i gcéin, agus ar an dóigh sin cur le hathléimneacht, inbhuanaitheacht, iomaíochas agus comhtháthú na hEorpa. Beidh an Clár ina phríomhionstraim chun [...] an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thuilleadh, [...] tacú le cur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear na cláir oibre earnála is bonn leis sin, agus Aontas na Scileanna a thógáil.

   Is é is aidhm don Chlár [...] comhar maidir le beartas óige a chur chun cinn. Is é an cuspóir atá ann Eoraip níos cuimsithí, níos aontaithe agus níos láidre a chothú trí dhaoine óga a chumhachtú, tacú le hobair óige ardcháilíochta, naisc phobail a neartú, agus saoránacht ghníomhach agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus comhar fóinteach, agus tacú le cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh. [...] Trí infheistíocht a dhéanamh san óige [...] agus sa tsaorálaíocht, [...] tá sé d'aidhm ag an gClár sochaithe níos láidre agus níos nasctha a thógáil, rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a spreagadh, agus rannchuidiú leis an gcomhtháthú sóisialta [...].

   Tá sé d'aidhm ag an gClár an ghné Eorpach den spórt a fhorbairt a thuilleadh. Tá ról ríthábhachtach ag an spórt mar spreagadh don chuimsiú sóisialta, don tsláinte, don oideachas agus don fhorbairt pobail. Trí thacú leis an spórt, tá sé d'aidhm ag an gClár rannchuidiú le sochaithe daonlathacha agus leis an nascacht shóisialta ar gach leibhéal, agus luachanna coiteanna Eorpacha, dlúthpháirtíocht agus obair dheonach á gcothú ag an am céanna trí chomhar agus trí mhalartú cleachtas.

2. Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gClár:

-a) tacú le soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cáilíocht, cuimsiú agus cothromas, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt;

a) tacú le feabhsú [...] eolais, scileanna agus inniúlachtaí i suíomhanna foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus aird ar leith á tabhairt ar a n-ábharthacht [...] d'fhás pearsanta agus d'fhorbairt ghairmiúil [...] an duine aonair agus lena chois sin do mhargadh an tsaothair, agus ar an méid a chuireann siad leis an [...] gcomhtháthú sóisialta, leis an inbhuanai[...]theacht agus [...] le hiomaíochas an Aontais;

b) braistint féiniúlachta Eorpaí, tuiscint ar chomhluachanna agus saoránacht ghníomhach a chothú, an dlúthpháirtíocht agus an rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí agus sa daonlathas a fheabhsú, tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí, agus [...] athléimneacht agus [...] ullmhacht a spreagadh chun rioscaí de chineálacha éagsúla a thuar, a chosc agus a fhreagairt;

[...]

(d) daoine óga a rannpháirtiú agus a chumhachtú chun inniúlachtaí gairmiúla agus pearsanta a shealbhú agus a fhorbairt, chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa daonlathas agus chun iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach;

[...]

(f) deiseanna ardchaighdeáin atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga chun obair dheonach a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus daonnúla a spreagann athruithe dearfacha sochaíocha san Aontas agus níos faide i gcéin [...], agus a n-inniúlachtaí á bhfeabhsú agus á mbailíochtú go cuí ag an am céanna, chomh maith lena rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha a éascú;

(g) príomhghnéithe na Samhla Eorpaí Spóirt a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i spórt an phobail, go háirithe gníomhaíochtaí deonacha, inrochtaineacht a áirithiú, rannpháirtíocht agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn, an tsláine a chosaint, tacú le dea-rialachas, agus ról sóisialta, oideachasúil agus pobail an spóirt a threisiú, trí ghníomhaíochtaí lena ndírítear ar chóras spóirt atá cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe a fhorbairt ar fud na hEorpa[...];

(h) barr feabhais agus comhar trasteorann a chothú, tarraingteacht agus iomaíochas na hEorpa a neartú ar fud an domhain, i ngach réimse den oideachas agus den oiliúint, den óige agus den spórt;

(i) tacú le forbairt beartas, lena n-áirítear le haghaidh trédhearcachta agus aitheantas scileanna agus cáilíochtaí, dlús a chur le hathchóirithe agus nuachóirithe ar leibhéal na gcóras, ar fud réimsí uile an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, lena áirithiú go mbeidh siad níos éifeachtaí, níos athléimní agus níos cuimsithí.

3. Saothrófar cuspóirí an Chláir i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt trí na colúin seo a leanas, ag a bhfuil, go príomha, carachtar trasnáisiúnta nó carachtar idirnáisiúnta:

a) [...]deiseanna foghlama do chách;

b) [...]tacaíocht maidir le fothú acmhainneachta.

# [...] TEIDEAL II

# RAON FEIDHME NA HIDIRGHABHÁLA

## [...] CAIBIDIL I

## DEISEANNA FOGHLAMA DO CHÁCH

### ROINN 1

### AN tSOGHLUAISTEACHT FOGHLAMA AGUS AN tSAORÁLAÍOCHT

*Airteagal 4*

*[...] **Oideachas agus oiliúint***

1. I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

   a) [...] soghluaisteacht foghlama na mac léinn agus na mball foirne san ardoideachas;

   b) [...] soghluaisteacht foghlama na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint;

   c) [...] soghluaisteacht foghlama na ndaltaí scoile agus na mball foirne scoile, lena n-áirítear baill foirne san oideachas agus i gcúram na luath-óige;

   d) [...] soghluaisteacht foghlama na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne san oideachas aosach [...].

[...]

[...]

4. [...] Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith ag gabháil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1:

   a) tacaíocht do theagasc agus d'fhoghlaim faoin [...]Aontas, lena n-áirítear lánpháirtiú, luachanna agus saoránacht na hEorpa;

   b) bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus foghlaim agus comhar fíorúil.

*Airteagal 4a*

***An Óige***

1. I réimse na hóige, tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

   a) soghluaisteacht foghlama daoine óga, lena n-áirítear malartuithe ógra, DiscoverEU, agus soghluaisteacht foghlama oibrithe óige;

   b) tionscnaimh don óige lena dtacaítear le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus dlúthpháirtíochta don óige;

   c) gníomhaíochtaí oibre deonaí de chuid 'an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh', lena n-áirítear obair dheonach faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.

2. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith ag gabháil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1:

   a) tacaíocht do theagasc agus d'fhoghlaim faoin Aontas, lena n-áirítear lánpháirtiú, luachanna agus saoránacht na hEorpa;

   b) bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus foghlaim agus comhar fíorúil.

*Airteagal 4b*

***An Spórt***

1. I réimse an spóirt, tacóidh an Clár le soghluaisteacht foghlama daoine atá gníomhach i spórt an phobail, lena n-áirítear baill foirne spóirt.

2. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith ag gabháil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1:

   a) tacaíocht do theagasc agus d'fhoghlaim faoin Aontas, lena n-áirítear lánpháirtiú, luachanna agus saoránacht na hEorpa;

   b) bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus foghlaim agus comhar fíorúil.

## ROINN 2

## FORBAIRT TALLAINNE AGUS BAIRR FEABHAIS

*Airteagal 5*

***Deiseanna forbartha tallainne agus bairr feabhais i réimse an oideachais agus na hoiliúna***

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

a) Deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais [...] i gcláir staidéir chomhpháirteacha nó i gcláir eile a bhfuil gné thrasnáisiúnta ag baint leo;

b) scoláireachtaí Erasmus Mundus;

c) gníomhartha Jean Monnet i réimse an ardoideachais;

d) [...] na hinstitiúidí Jean Monnet seo a leanas a bhfuil aidhm leasa Eorpaigh á saothrú acu: an Institiúid Ollscoile Eorpach, Flórans, lena n-áirítear Scoil an Rialachais Thrasnáisiúnta; Coláiste na hEorpa (Brugge, lena n-áirítear a fhochuideachta i gcampais Thiorána agus Natolin); an Institiúid Eorpach um Riarachán Poiblí, Maastricht; Acadamh an Dlí Eorpaigh, Trier; an Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach, Odense; agus an tIonad Idirnáisiúnta d'Oiliúint Eorpach, Nice.

# [...] CAIBIDIL 2

# TACAÍOCHT MAIDIR LE FOTHÚ ACMHAINNEACHTA

*Airteagal 6*

***Comhar idir eagraíochtaí agus institiúidí***

1. I réimse an oideachais agus na hoiliúna [...], tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

   a) [...]comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair agus malartú dea-chleachtas, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ar mionscála chun rochtain níos leithne agus níos cuimsithí ar an gClár a chothú;

   b) [...]comhpháirtíochtaí le haghaidh barr feabhais agus nuálaíochta, [...] amhail na Comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha, Ionaid Barr Feabhais Gairme, Acadaimh Múinteoirí Eorpacha, Comhghuaillíochtaí Eorpacha Scoileanna [...] agus cláir staidéir chomhpháirteacha [...].

2. I réimse na hóige, tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

   a) comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair agus malartú dea-chleachtas, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ar mionscála chun rochtain níos leithne agus níos cuimsithí ar an gClár a chothú;

   b) comhpháirtíochtaí barr feabhais agus nuálaíochta, cuir i gcás Óige na hEorpa le chéile.

3. I réimse an spóirt, tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

   a) comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair agus malartú dea-chleachtas, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ar mionscála chun rochtain níos leithne agus níos cuimsithí ar an gClár a chothú;

   b) comhpháirtíochtaí le haghaidh barr feabhais agus nuálaíochta, amhail Comhghuaillíochtaí Comhoibríocha Spóirt.

*Airteagal 7*

***Tacaíocht d'fhorbairt beartas***

I réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, tacóidh [...]an Clár leis an méid seo a leanas:

a) [...]cláir oibre bheartais an Aontais a thástáil, a ullmhú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí idirphlé beartais le geallsealbhóirí agus uirlisí eile [...][30], go háirithe

i) a mhéid a bhaineann le hoideachas agus oiliúint: an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) [...], an Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúint (EQAVET) [...], an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR) [...], Líonraí ENIC (Líonra Eorpach na Lárionad Faisnéise) agus NARIC (Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil san Aontas Eorpach), líonra Euroguidance, an creat agus na huirlisí coiteanna chun seirbhísí níos fearr a sholáthar le haghaidh scileanna agus cáilíochtaí (Europass), Líonra Eurydice, Comhordaitheoirí Náisiúnta don Fhoghlaim Aosach, na Seirbhísí Tacaíochta Lárnacha agus Náisiúnta d'ardáin ar líne, amhail an ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach (EPALE) agus r-Nascadh, Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA), lena n-áirítear Grúpa Leantach Bologna (BFUG), agus na Pointí Tagartha Náisiúnta maidir le rianú céimithe[...];

ii) a mhéid a bhaineann leis an óige: Líonra vicí na hÓige, líonra Eurodesk, Fóram Eorpach na nÓg, Youthpass, na Meithleacha Náisiúnta a chuireann Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh chun feidhme; agus

iii) a mhéid a bhaineann le spórt: na Comhlachtaí Náisiúnta Comhordúcháin a chuireann Seachtain Eorpach an Spóirt chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta;

30 [...]

b) Cur chun feidhme an chláir, lena n-áirítear sineirgí le beartais agus cláir eile de chuid an Aontais le hardáin ar líne, le huirlisí le haghaidh comhar fíorúil, le lárionaid acmhainní agus le huirlisí chun soghluaisteacht foghlama a éascú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oiliúna, líonraithe agus comhair, agus tacaíocht don mhéid sin;

c) [...]scaipeadh agus cumarsáid.

# [...] TEIDEAL III

# AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT

*Airteagal 8*

***Bearta tacaíochta um an gcuimsiú agus an éagsúlacht***

1. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún, na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár cur chuige cuimsitheach ar fud na ngníomhaíochtaí uile.

2. Déanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár [...] bearta iomchuí chun cuimsiú, éagsúlacht agus cothroime, dlúthpháirtíocht agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, go háirithe chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu sa Chlár a áirithiú.

3. Tacóidh an Coimisiún le rochtain ar an gClár ó aois óg, gan beann ar chúlra socheacnamaíoch. Chun é sin a bhaint amach, áiritheoidh sé go ndéanfar bearta chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú, lena n-áirítear sásraí tacaíochta airgeadais agus réamh-mhaoiniú, i gcás inarb ábhartha.

4. Féadfaidh an Coimisiún coigeartú a dhéanamh, nó féadfaidh sé údarú a thabhairt do na gníomhaireachtaí náisiúnta [...] coigeartú a dhéanamh, ar bhonn critéir oibiachtúla, ar na sásraí tacaíochta airgeadais chun feabhas a chur ar an rochtain ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu.

5. Na costais a bhaineann leis na bearta chun rannpháirtíocht na ndaoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú nó chun tacú leis an rannpháirtíocht sin, ní bheidh siad ina n-údar le diúltú d'iarratas faoin gClár.

6. Déanfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta [...] pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir le [...] cuimsiú agus éagsúlacht a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta i gcás inarb ábhartha, agus aird ar leith á tabhairt ar na dúshláin shonracha a bhaineann le rochtain a fháil ar an gclár sna comhthéacsanna náisiúnta. Beidh na [...] pleananna um an gcuimsiú agus an éagsúlacht ina gcuid dhílis de dhoiciméid phleanála na ngníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19(2).

7. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar bhonn rialta ar chur chun feidhme na mbeart cuimsithe agus éagsúlachta, lena n-áirítear na [...] pleananna cuimsithe agus éagsúlachta.

## [...] TEIDEAL IV

## FORÁLACHA AIRGEADAIS

*[Airteagal 9*

***An buiséad***

1. Is é EUR 40 827 000 000 i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais táscach maidir le cur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2028 go 2034.

2. Anuas ar na méideanna a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, agus chun gné idirnáisiúnta an Chláir a chur chun cinn, cuirfear ranníocaíocht airgeadais breise ar fáil de bhun Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Eoraip Dhomhanda] chun tacú le gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme agus a bhainistítear i gcomhréir leis an Rialachán seo. Beidh an ranníocaíocht sin i gcomhréir le doiciméad clársceidealaithe aonair arna tharraingt suas faoi Rialachán (AE) XXX [an Eoraip Dhomhanda].

3. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2034 chun na costais is gá a chumhdach agus chun go mbeifear in ann gníomhaíochtaí a bhainistiú nach mbeidh curtha i gcrích faoin am a thiocfaidh deireadh leis an gClár.

4. Féadfar an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo agus méideanna na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 10 a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise shonracha agus chorparáideacha, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, agus gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile nó gach speansas eile a bhaineann leis an bhfoireann arna dtabhú ag an gCoimisiún chun an Clár a bhainistiú.]

*Airteagal 10*

***Acmhainní breise***

1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a dhéanamh leis an gClár. Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointe[...] (a), (d), [...] nó (e) nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise.

2. Acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, féadfar iad a chur ar fáil don Chlár, ach na Ballstáit é sin a iarraidh. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a) nó (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Is acmhainní breise a bheidh iontu, le cois an mhéid dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán seo. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach ná faoi bhainistíocht indíreach maidir le méideanna breise arna gcur ar fáil don Chlár ar an dóigh sin, féadfar na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais, faoi seach, chuig clár foinseach amháin nó níos mó, nó chuig a gcomharbaí, ach an Ballstát lena mbaineann é sin a iarraidh.

*Airteagal 11*

***Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach***

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i bpáirt le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht a bhfuarthas ranníocaíocht ón Aontas lena haghaidh faoi chlár eile, féadfar ranníocaíocht a fháil lena haghaidh faoin gClár freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Féadfar nósanna imeachta dámhachtana faoin gClár a sheoladh go comhpháirteach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile (‘comhpháirtithe sa nós imeachta um dhámhachtain chomhpháirteach’), ar choinníoll go n-áirithítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach, féadfaidh siad acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I nósanna imeachta um dhámhachtain chomhpháirteach, féadfaidh ionadaithe na gcomhpháirtithe sa nós imeachta um dhámhachtain chomhpháirteach a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, E[...]uratom) 2024/2509 freisin.

*Airteagal 12*

***Cur chun feidhme agus foirmeacha an chistiúcháin ón Aontas***

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), den Rialachán sin.

2. Déanfar na cistí a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach i mBallstát a leithdháileadh ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

   a) an daonra agus an costas maireachtála sa Bhallstát lena mbaineann;

   b) an t-achar idir príomhchathracha na mBallstát;

   c) an fheidhmíocht, arna ríomh bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil.

3. Déanfaidh an Coimisiún na critéir sin agus na foirmlí is bonn leo a shonrú a thuilleadh sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 15. Leis na foirmlí sin, seachnófar laghduithe móra ar an mbuiséad bliantúil a leithdháilfear ar na Ballstáit ó bhliain go chéile agus déanfar neamhchothromaíochtaí iomarcacha i leibhéal na gcistí a leithdháilfear a íoslaghdú leo.

4. Féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar in aon fhoirm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar, agus tabhartais neamhairgeadais.

5. I gcás ina soláthrófar cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar cistiú mar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais nó, i gcás inar gá, le roghanna costas simplithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní fhéadfar cistiú a sholáthar i bhfoirm aisíocaíocht costais incháilithe iarbhír ach amháin i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach ar shlí eile.

6. Chun críoch Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha.

7. Eintitis dhlítheanacha phoiblí, agus institiúidí agus eagraíochtaí i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus spóirt a bhfuil os cionn 50 % dá n-ioncam bliantúil faighte acu ó fhoinsí poiblí nach deontais ón Aontas iad le 2 bhliain anuas, measfar go bhfuil an acmhainneacht airgeadais agus oibríochtúil is gá acu chun gníomhaíochtaí faoin gClár a chur i gcrích. Ní bheidh sé de cheangal orthu doiciméid eile a chur ar fáil chun an acmhainneacht sin a léiriú.

# [...] TEIDEAL V

# RANNPHÁIRTÍOCHT SA CHLÁR

*Airteagal 13*

***Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár***

1. Féadfar rannpháirtithe sa Chlár a dhéanamh de na tríú tíortha seo a leanas trí chomhlachas iomlán nó páirteach leis an gClár, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 [...] agus atá infheidhme maidir le:

   a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, chomh maith le micreastáit Eorpacha (Andóra, Monacó, San Mairíne agus Cathair na Vatacáine), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha;

   b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais, arna mbunú sna comhaontuithe réime, sna prótacail agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach, nó i gcomhaontuithe eile den chineál céanna, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

c) tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais, arna mbunú, faoi seach, sna comhaontuithe réime, sna prótacail agus sna cinntí ó na Comhairlí Comhlachais, nó i gcomhaontuithe comhchosúla, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

d) tríú tíortha eile, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú idirnáisiúnta sonrach lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír in aon chlár de chuid an Aontais.

2. Maidir leis na [...] comhaontuithe rannpháirtíochta sa Chlár dá dtagraítear i mír 1, beidh na héifeachtaí a leanas acu:

a) áiritheofar cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír [...] atá comhlachaithe leis an gClár;

b) leagfar coinníollacha síos maidir leis [...] an gcomhlachas leis an [...]gClár[...], lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais, arb é atá iontu ranníocaíocht oibríochtúil agus táille rannpháirtíochta, leis [...] an [...]gClár agus lena chostais riaracháin ghinearálta;

c) ní thabharfar aon chumhacht chinnteoireachta sa Chlár don tríú tír;

d) ráthófar cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint;

e) i gcás inarb ábhartha, áiritheofar cosaint leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (d), den Airteagal seo, deonóidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, agus ráthóidh sí go mbeidh [...] cinntí lena bhforchuirfear oibleagáid airgid ar dhaoine seachas Stáit de réir bhrí [...] Airteagal 299 CFAE, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, infhorfheidhmithe.

4. Tríú tíortha a bhí rannpháirteach in aon cheann de na cláir réamhtheachtacha faoi Rialacháin (AE) 2021/817, (AE) 2021/888, (AE) Uimh. 1288/2013 nó (AE) 2018/1475, agus a bhunaigh gníomhaireacht náisiúnta le linn aon cheann de na clárthréimhsí ábhartha, ní mheasfar iad le haghaidh comhlachas páirteach leis an gClár.

Le comhlachas páirteach leis an gClár, comhlíonfar an méid seo a leanas:

a) i gcás tríú tíortha faoi mhír 1, pointe (b), beidh sé d'aidhm ag na comhaontuithe, i bprionsabal, tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a chomhlachú go hiomlán. Ní fhéadfar foráil a dhéanamh sna comhaontuithe maidir le céim chomhlachais pháirteach ach amháin mar chéim idirthréimhseach do na tríú tíortha sin nach bhfuil réidh go hoibríochtúil fós le haghaidh comhlachas iomlán;

b) i gcás tríú tíortha faoi mhír 1, pointí (c) agus (d) nach bhfuil aon ionchas ann go mbeidh comhlachas iomlán acu, féadfaidh na comhaontuithe díriú ar chomhlachas páirteach ar choinníoll go mbeidh an comhlachas páirteach sin chun leas an Aontais;

c) maidir le tríú tíortha atá faoi réir comhlachas páirteach leis an gClár, urramóidh siad luachanna an Aontais;

d) úsáidfear sna comhaontuithe samhail aonair den chomhlachas páirteach leis an gClár, agus é comhionann i gcás na dtríú tíortha uile dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) agus i mír 1, pointí (c) agus (d).

5. Soláthróidh an Coimisiún, ar bhonn bliantúil, faisnéis do Choiste an Chláir maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanann tríú tíortha atá rannpháirteach sa Chlár trí chomhlachas iomlán nó páirteach agus maidir leis na leithdháiltí uathu dá ghníomhaíochtaí éagsúla.

*Airteagal 14*

***Incháilitheacht***

1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú le baint amach na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 den Rialachán seo, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

2. I nósanna imeachta dámhachtana faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith incháilithe chun cistiú a fháil ón Aontas:

   a) eintitis atá bunaithe i mBallstát;

   b) eintitis atá bunaithe i [...] dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár;

   c) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

   d) eintitis eile atá bunaithe i [...] dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár i gcás ina bhfuil cistiú na n-eintiteas sin fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme agus ina rannchuidíonn sé leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3.

3. I dteannta Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh [...] tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár, dá dtagraítear in Airteagal 13(1) den Rialachán seo, i gcás inarb ábhartha, a bheith rannpháirteach in aon sásra soláthair a leagtar amach in Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus tairbhe a bhaint as na sásraí sin. Cuirfear na rialacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir le [...] tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár.

4. Nósanna imeachta dámhachtana a dhéanann difear don tslándáil nó don ord poiblí, go háirithe nósanna imeachta dámhachtana a bhaineann le sócmhainní agus leasanna straitéiseacha an Aontais nó a Bhallstát, déanfar iad a shrianadh i gcomhréir le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

5. Sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana, féadfar na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú a thuilleadh nó critéir incháilitheachta bhreise a leagan síos le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha.

*Airteagal 14a*

***Socruithe chun rannpháirtíocht sa Chlár a éascú***

Déanfaidh na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár gach beart is iomchuí agus is gá chun deireadh a chur le haon bhacainní dlí agus riaracháin ar fheidhmiú cuí an Chláir, lena n-áirítear, i gcás inar féidir sin, bearta a bheidh dírithe ar réiteach saincheisteanna as a n-eascraíonn deacrachtaí le víosaí nó ceadanna cónaithe a fháil.

# [...] TEIDEAL VI

# CLÁRSCEIDEALÚ

*Airteagal 15*

***Clár oibre***

1. Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme.

2. Chun críocha a gcuimsithe tosaigh, glacfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí nua faoi bhainistíocht dhíreach i gclár oibre ar leith ('an clár oibre gníomhaíochta nua'). Beidh an clár oibre gníomhaíochta nua sonrach agus beidh sé go hiomlán ar leithligh ón gclár oibre lena gcuirtear chun feidhme na gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí nua iad ('an gnáthchlár oibre'). Déanfar na gníomhaíochtaí nua a mholadh ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

   a) ailíniú le cuspóirí an Chláir;

   b) ailíniú le tosaíochtaí a bhaineann leis an gClár, arna leagan amach in ionstraimí ábhartha na Comhairle;

   c) an breisluach Eorpach;

   d) an tionchar buiséadach ar ghníomhaíochtaí eile an Chláir.

3. Chun iad a chur chun feidhme den chéad uair trí chlár oibre faoin Rialachán seo, measfar gur gníomhaíochtaí nua iad deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (a), go neamhspleách ar a modh bainistíochta agus glacfaidh an Coimisiún iad i gclár oibre gníomhaíochta nua neamhspleách. Sula gcuirfear an dréachtghníomh cur chun feidhme faoi bhráid Choiste an Chláir, forbróidh an Coimisiún an clár oibre gníomhaíochta nua maidir leis na deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais i ndlúthchomhar le Coiste an Chláir. Soláthróidh Coiste an Chláir ionchur maidir le treo oibríochtúil gníomhaíochta nua mar sin agus maidir le módúlachtaí a cur chun feidhme.

4. Beidh maoiniú na ngníomhaíochtaí nua ina dhiaidh sin tar éis a gcur chun feidhme tosaigh faoi chlár oibre gníomhaíochta nua faoi réir measúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún ina ndéantar anailís, i measc nithe eile, ar a mhéid a chomhlíonann na gníomhaíochtaí sin cuspóirí an Chláir agus na critéir dá dtagraítear i mír 2.

5. Is tríd an ngnáthchlár oibre a chuirfear chun feidhme na gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí nua iad a thuilleadh.

6. Maidir leis na deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais, cuirfidh an Coimisiún torthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 4 faoi bhráid na Comhairle. Sula n-áireofar an ghníomhaíocht sa ghnáthchlár oibre, tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar na tuairimí a chuirfear in iúl sa Chomhairle.

7. Leagfar an méid seo a leanas amach go mion sna cláir oibre, de réir mar is infheidhme:

a) an méid táscach arna leithdháileadh ar gach gníomhaíocht;

b) an méid táscach arna leithdháileadh ar gach earnáil;

c) dáileadh na gcistí idir na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá le bainistiú ag an ngníomhaireacht náisiúnta;

d) chun go n-áireofar gníomhaíochtaí nua sa chlár oibre gníomhaíochta nua, léiriú go bhfuil na critéir dá dtagraítear i mír 2 á gcomhlíonadh;

e) chun go n-áireofar gníomhaíochtaí nua sa ghnáthchlár oibre, toradh an mheasúnaithe ina ndéantar anailís, i measc nithe eile, ar a mhéid a chomhlíonann na gníomhaíochtaí nua sin cuspóirí an Chláir agus na critéir dá dtagraítear i mír 2.

8. Déanfaidh an Coimisiún gach clár oibre a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a.

9. I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní ghlacfaidh an Coimisiún na dréachtghníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal seo agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

# [...] TEIDEAL VII

# CUMARSÁID AGUS SCAIPEADH

*Airteagal 16*

***Faisnéis, cumarsáid agus scaipeadh***

1. I gcomhar leis an gCoimisiún agus na húdaráis náisiúnta, déanfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta [...] straitéis chomhsheasmhach chumarsáide a fhorbairt maidir le for-rochtain éifeachtach agus maidir le scaipeadh agus saothrú thorthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi na gníomhaíochtaí arna mbainistiú acu faoi chuimsiú an Chláir. [...]

2. Tabharfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta [...] cúnamh don Choimisiún ina chúram ginearálta maidir le faisnéis faoin gClár a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis i dtaca le gníomhartha agus gníomhaíochtaí arna mbainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus i dtaca lena thorthaí. Cuirfidh gníomhaireachtaí náisiúnta na spriocghrúpaí ábhartha ar an eolas faoi na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí a dhéantar ina dtíortha féin.

3. [Cuirfear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht] lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme maidir le gach clár de chuid an Aontais maidir le hoibleagáidí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta, lena n-áirítear go háirithe oibleagáidí ar thairbhithe agus ar chomhpháirtithe cur chun feidhme.]

# [...] TEIDEAL VIII

# CÓRAS BAINISTÍOCHTA AGUS INIÚCHÓIREACHTA

*Airteagal 17*

***Socruithe maidir le bainistíocht indíreach ar an leibhéal náisiúnta***

1. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 157(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, chun an Clár a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, is gá údarás náisiúnta agus gníomhaireacht náisiúnta a ainmniú, mar a shonraítear in Airteagail 18 agus 19.

2. Gníomhaíonn an t-údarás náisiúnta [...] mar chomhlacht bainistíochta indírí faoi [...] Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c)(v), de [...] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 [...] i gcomhthéacs fhaireachán, rialú agus iniúchadh na gníomhaireachta náisiúnta agus coinníonn sé an phríomhfhreagracht i leith an Choimisiúin as cur chun feidhme foriomlán a dhéanann an ghníomhaireacht náisiúnta ar chistí an Aontais.

3. Gníomhaíonn an ghníomhaireacht náisiúnta mar chomhlacht bainistíochta indírí faoi Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), (v) nó (vi), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus tá sí freagrach as cúraimí uile a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid, mar a shonraítear sa chomhaontú ranníocaíochta leis an gCoimisiún iad.

*Airteagal 18*

***Údarás náisiúnta***

1. Déanfaidh na Ballstáit agus [...] na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár comhlacht dlí phoiblí a ainmniú mar údarás náisiúnta chun críocha an Rialacháin seo. Féadfaidh siad níos mó ná údarás náisiúnta amháin a ainmniú. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas, trína mBuanionadaíocht nó trína Misean chuig an Aontas Eorpach, faoina [...] n-údará[...]is náisiúnta [...] agus faoi na [...] daoine atá údaraithe de réir an dlí chun gníomhú thar [...] ceann na n-údarás náisiúnta sin.

2. Ainmneoidh an t-údarás náisiúnta gníomhaireacht náisiúnta le haghaidh thréimhse an Chláir agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi sin. Ní dhéanfaidh an t-údarás náisiúnta aireacht a ainmniú mar ghníomhaireacht náisiúnta [...]. Féadfaidh an t-údarás náisiúnta níos mó ná gníomhaireacht náisiúnta amháin a ainmniú. I gcásanna ina bhfuil níos mó ná gníomhaireacht náisiúnta amháin ann, bunóidh na Ballstáit agus na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár sásra iomchuí chun cur chun feidhme an Chláir a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta.

3. Ainmneoidh an t-údarás náisiúnta comhlacht neamhspleách iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 21.

4. Cuirfidh an t-údarás náisiúnta measúnú ex ante iomchuí ar fáil don Choimisiún go gcomhlíonann an ghníomhaireacht náisiúnta na híoscheanglais a leagtar amach in Airteagal 157(1) go (5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus ceanglais an Aontais i ndáil le caighdeáin rialaithe inmheánaigh do ghníomhaireachtaí náisiúnta agus rialacha le haghaidh bhainistiú chistí an Chláir.

Chun críocha na chéad fhomhíre, beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas:

a) maidir leis na nósanna imeachta a cheanglaíonn an Coimisiún go sonrach, lena n-áirítear a nósanna imeachta féin agus iad siúd a shonraítear sa Rialachán seo, ní dhéanfar aon mheasúnú ex ante i gcomhréir le [...] hAirteagal 157(7), pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;

b) maidir le nósanna imeachta seachas iad siúd a shonraítear i bpointe (a), déanfaidh an t-údarás náisiúnta measúnú *ex ante*, a bheidh bunaithe ar a rialuithe agus a iniúchtaí féin nó ar rialuithe agus iniúchtaí arna ndéanamh ag an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta;

c) i gcás inarb ionann an ghníomhaireacht náisiúnta atá ainmnithe don Chlár agus an ghníomhaireacht náisiúnta arna hainmniú i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888, beidh raon feidhme an mheasúnaithe ex ante teoranta do na ceanglais atá nua, mura bhfuil údar lena mhalairt.

5. I gcás ina ndiúltaíonn an Coimisiún d'ainmniú na gníomhaireachta náisiúnta bunaithe ar a meastóireacht ar an measúnú *ex ante*, nó mura gcomhlíonann an ghníomhaireacht náisiúnta na ceanglais íosta atá leagtha síos ag an gCoimisiún, áiritheoidh an t-údarás náisiúnta go nglacfar na céimeanna feabhais is gá chun comhlíonadh a áirithiú, faoi réir fhormheas an Choimisiúin, nó ainmneoidh sé comhlacht eile mar ghníomhaireacht náisiúnta. I gcásanna eisceachtúla ina scoirfidh gníomhaireacht náisiúnta d'oibriú nó de bheith ann agus ina ndéanfaidh an t-údarás náisiúnta féin cúraimí cur chun feidhme buiséid i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na comhaontuithe ábhartha faoin Rialachán seo, beidh díolúine aici ón measúnú *ex ante*.

6. Soláthróidh an t-údarás náisiúnta cómhaoiniú leormhaith [...] i gcomhair oibríochtaí a ghníomhaireachta náisiúnta lena áirithiú go ndéanfar an Clár a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha Aontais is infheidhme.

7. Áiritheoidh an t-údarás náisiúnta go mbeidh údar maith, i bhfianaise chineál na gníomhaíochta náisiúnta, le ceapadh na ndaoine a bheidh freagrach as an ngníomhaireacht sin a bhainistiú, go leanfaidh na ceapacháin sin rialacha agus nósanna imeachta cothroma agus trédhearcacha agus nach n-eascróidh coinbhleacht leasa astu. [...]

8. Déanfaidh an t-údarás náisiúnta faireachán agus maoirseacht ar na cúraimí a chuirtear ar a ghníomhaireacht náisiúnta maidir le cur chun feidhme an bhuiséid. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas agus rachaidh sé i gcomhairle leis in am trátha sula nglacfaidh sé aon chinneadh a bhféadfadh tionchar nach beag a bheith aige ar bhainistiú an Chláir agus chistí an Chláir.

9. Gach bliain, cuirfidh an t-údarás náisiúnta tuarascáil ar fáil don Choimisiún maidir lena ghníomhaíochtaí faireacháin agus maoirseachta agus, i gcás inarb iomchuí, ráiteas maidir lena bhearta leantacha i ndáil le haon bharúlacha arna n-eisiúint ag an gCoimisiún mar fhreagairt ar an tuarascáil sin.

10. Glacfaidh an t-údarás náisiúnta agus coinneoidh sé freagracht as bainistiú cuí na gcistí ón Aontas a aistríonn an Coimisiún chuig an ngníomhaireacht náisiúnta i gcreat an Chláir.

11. I gcás aon neamhrialtacht, faillí nó calaoise atá inchurtha i leith na gníomhaireachta náisiúnta, nó i gcás easnaimh thromchúiseacha, dliteanais nó tearcfheidhmíochta ar thaobh na gníomhaireachta náisiúnta, ar cás é ina n-eascraíonn éilimh ón gCoimisiún in aghaidh na gníomhaireachta náisiúnta as aon cheann de na cásanna sin, aisíocfaidh an t-údarás náisiúnta [...] an Coimisiún i leith na n-éileamh sin.

12. Sna himthosca dá dtagraítear i mír 11, féadfaidh an t-údarás náisiúnta, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón gCoimisiún, sainordú na gníomhaireachta náisiúnta a chúlghairm. I gcás inar mian leis an údarás náisiúnta an sainordú sin a chúlghairm ar aon chúis eile a bhfuil údar cuí léi, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún laistigh de thréimhse réasúnach ama roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe an sainordú a fhoirceannadh. Sna cásanna sin, comhaontóidh an t-údarás náisiúnta agus an Coimisiún go foirmiúil bearta idirthréimhseacha sonracha a bhfuil teorainn ama leo.

13. I gcás ina ndéanfar sainordú a chúlghairm de réir mar a luaitear i mír 12, déanfaidh an t-údarás náisiúnta na rialuithe is gá maidir le cistí an Aontais a bhí curtha de chúram ar an ngníomhaireacht náisiúnta a bhfuil a sainordú cúlghairthe agus áiritheoidh sé go n-aistreofar na cistí sin agus na doiciméid agus na huirlisí bainistíochta uile a theastaíonn chun an Clár a bhainistiú go dtí an ghníomhaireacht náisiúnta nua ar bhealach rianúil. Soláthróidh an t-údarás náisiúnta an tacaíocht airgeadais is gá don ghníomhaireacht náisiúnta a bhfuil a sainordú cúlghairthe chun leanúint dá hoibleagáidí conarthacha maidir le tairbhithe an Chláir agus an Coimisiún a chomhlíonadh go dtí go n-aistreofar na hoibleagáidí sin go dtí gníomhaireacht náisiúnta nua. I gcás ina mbeidh idirthréimhse idir cúlghairm an tsainordaithe sin agus ainmniú gníomhaireachta náisiúnta nua faoi mar a ghlacfaidh an Coimisiún léi, beidh an t-údarás náisiúnta freagrach, le linn na tréimhse sin, as oibleagáidí uile na gníomhaireachta náisiúnta, mar a leagtar amach sa Rialachán seo iad, agus as a hoibleagáidí conarthacha uile atá gan comhlíonadh i leith thairbhithe an Chláir agus an Choimisiúin.

14. I gcás ina scoireann gníomhaireacht náisiúnta d'oibriú nó de bheith ann agus nach bhfuil aon ghníomhaireacht náisiúnta nua ainmnithe mar thoradh ar tharraingt siar tríú tír ón gClár, beidh an t-údarás náisiúnta freagrach go príomha as oibleagáidí uile na gníomhaireachta náisiúnta agus as comhlíonadh agus clabhsúr na n-oibleagáidí conarthacha uile atá gan comhlíonadh i leith thairbhithe an Chláir agus an Choimisiúin.

15. Arna iarraidh sin don Choimisiún, ainmneoidh an t-údarás náisiúnta na hinstitiúidí nó na heagraíochtaí, nó cineálacha na n-institiúidí nó na n-eagraíochtaí sin atá incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht de chuid an Chláir ina chríoch.

16. I gcomhar leis an gCoimisiún, rannchuideoidh an t-údarás náisiúnta chun sineirgí agus comhlántachtaí éifeachtacha le cistí nó cláir eile de chuid an Aontais, cistí nó cláir náisiúnta nó réigiúnacha a chur chun cinn agus a éascú.

[...]

*Airteagal 19*

***An ghníomhaireacht náisiúnta***

1. Maidir leis an ngníomhaireacht náisiúnta:

   a) beidh sí ina comhlacht de réir bhrí Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c)[...](v) nó (vi), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus beidh sí faoi rialú dhlí an Bhallstáit nó an tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár lena mbaineann;

   b) beidh acmhainneacht bainistíochta, foireann agus bonneagar leordhóthanach aici chun a cúraimí a chomhlíonadh go sásúil, lena n-áiritheofar bainistíocht éifeachtúil agus éifeachtach ar an gClár agus bainistíocht fhónta airgeadais ar chistí ón Aontas;

   c) beidh sé de chumas dlíthiúil agus oibríochtúil aici na rialacha bainistíochta riaracháin, conarthacha agus airgeadais arna leagan síos ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme;

   d) beidh an saineolas is gá aici chun na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme go héifeachtach i ngach earnáil den Chlár a bhfaigheann sí ranníocaíocht ón Aontas ina leith;

   e) cuirfidh sí, má chuireann an Coimisiún ceangal uirthi, ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha ar fáil, arna n-eisiúint más féidir ag údarás poiblí, a chomhfhreagraíonn do leibhéal na gcistí ón Aontas a n-iarrtar uirthi iad a bhainistiú.

2. Déanfaidh an ghníomhaireacht náisiúnta a cúraimí a phleanáil go leormhaith chun na gníomhaíochtaí ábhartha a chur chun feidhme mar a leagtar amach sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 15 agus sna comhaontuithe ábhartha leis an gCoimisiún, agus le haghaidh na ngníomhaíochtaí faisnéise, cumarsáide agus scaipthe dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

3. Déanfaidh an ghníomhaireacht náisiúnta gach céim de shaolré tionscadail na ngníomhaíochtaí sin den Chlár atá faoina freagracht a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus leis na comhaontuithe ábhartha leis an gCoimisiún.

4. Eiseoidh an ghníomhaireacht náisiúnta tacaíocht do thairbhithe de réir bhrí Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 trí chomhaontú deontais de réir mar a bheidh sonraithe ag an gCoimisiún don ghníomh Cláir lena mbaineann.

5. Ní dhéanfaidh an ghníomhaireacht náisiúnta aon chúram a bhaineann le cur chun feidhme an Chláir ná an bhuiséid a thabharfar di a tharmligean do thríú páirtí gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón údarás náisiúnta agus ón gCoimisiún. Is í an ghníomhaireacht náisiúnta amháin a bheidh freagrach as na cúraimí arna dtarmligean chuig tríú páirtí.

6. Soláthróidh an ghníomhaireacht náisiúnta gach bliain dá húdarás náisiúnta agus don Choimisiún dearbhú bainistíochta, tuarascáil agus aon doiciméad eile de réir mar a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 158 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

7. Cuirfidh an ghníomhaireacht náisiúnta na barúlacha arna n-eisiúint ag an gCoimisiún chun feidhme in am trátha tar éis dó anailís a dhéanamh ar an dearbhú bliantúil bainistíochta agus ar an tuarascáil agus ar an tuairim neamhspleách iniúchóireachta ina leith.

*Airteagal 20*

***An Coimisiún Eorpach***

1. Ar bhonn na gceanglas le haghaidh gníomhaireachtaí náisiúnta maidir le comhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 18(4), déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na córais náisiúnta bhainistíochta agus rialaithe, bunaithe ar mheasúnú *ex ante* arna sholáthar ag an údarás náisiúnta go háirithe, ar dhearbhú bliantúil bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta agus ar thuairim an chomhlachta neamhspleách iniúchóireachta ina leith, agus ar thuarascáil bhliantúil an údaráis náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 18(9).

2. Ar bhonn an mheasúnaithe ex ante dá dtagraítear in Airteagal 18(4), glacfaidh an Coimisiún le hainmniú na gníomhaireachta náisiúnta, sin nó glacfaidh sé leis go coinníollach nó diúltóidh sé dó laistigh de thráthchlár iomchuí a bheidh le comhaontú idir an Coimisiún agus an t-údarás náisiúnta. Ní dhéanfaidh an Coimisiún caidreamh conarthach leis an ngníomhaireacht náisiúnta go dtí go nglacfaidh sé leis an measúnú *ex ante* mar mheasúnú sásúil nó go dtí go ndéanfaidh sé bearta maoirseachta iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 157(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I gcás ina nglactar leis go coinníollach, féadfaidh an Coimisiún bearta réamhchúraim comhréireacha a chur i bhfeidhm maidir lena ghaol conarthach leis an ngníomhaireacht náisiúnta. I gcás nach gcomhlíonann an ghníomhaireacht náisiúnta na híoscheanglais a thuilleadh, féadfaidh an Coimisiún a caidreamh conarthach leis an ngníomhaireacht náisiúnta a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar gníomhaíocht feabhais chun comhlíonadh a áirithiú, agus mura ndéanfar sin féadfaidh sé iarraidh ar an údarás náisiúnta sainordú na gníomhaireachta náisiúnta a chúlghairm agus sainordú nua a ainmniú, faoi réir measúnú dearfach *ex ante*.

3. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis agus treoir iomchuí ar fáil do na húdaráis náisiúnta agus do na gníomhaireachtaí náisiúnta chun cur chun feidhme agus bainistiú comhsheasmhach ardcháilíochta an Chláir a áirithiú. Go sonrach, sonróidh sé socruithe pleanála, bainistithe tionscadal agus tuairiscithe agus áiritheoidh sé go leanfaidh na socruithe sin nósanna imeachta simplí.

4. Ní chuirfidh an Coimisiún cistí an Chláir ar fáil don ghníomhaireacht náisiúnta go dtí go mbeidh a doiciméid phleanála formheasta aige i gcomhréir le hAirteagal 19(2).

5. Cuirfidh an Coimisiún na cistí seo a leanas de chuid an Chláir ar fáil don ghníomhaireacht náisiúnta:

   a) ranníocaíocht le haghaidh tacaíocht deontais do ghníomhaíochtaí an Chláir ar cuireadh de chúram ar an ngníomhaireacht náisiúnta iad a bhainistiú;

   b) ranníocaíocht chun tacú le cúraimí bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta i leith an Chláir;

   c) más ábhartha, ranníocaíocht bhreise le haghaidh gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7, pointí (a) agus (b).

6. Cuirfidh an Coimisiún toradh a anailíse agus a bharúlacha maidir leis an tuarascáil bhliantúil agus an dearbhú bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 18(9) agus in Airteagal 19(6) agus maidir leis an tuairim iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 21(2) in iúl don údarás náisiúnta agus don ghníomhaireacht náisiúnta.

7. I gcás nach nglacann an Coimisiún leis an dearbhú bliantúil bainistíochta nó leis an tuairim neamhspleách iniúchóireachta ina leith, nó i gcás ina gcuireann an ghníomhaireacht náisiúnta barúlacha an Choimisiún chun feidhme go míshásúil, féadfaidh an Coimisiún aon bheart réamhchúraim agus ceartaitheach is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 132 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

8. Déanfaidh an Coimisiún idirphlé agus comhar gníomhach leis na gníomhaireachtaí náisiúnta agus leis na húdaráis náisiúnta, agus eatarthu, a spreagadh agus a chaomhnú, lena n-áirítear malartú [...] dea-chleachtais, cruinnithe rialta nó modhanna eile, d'fhonn cur chun feidhme agus bainistiú comhsheasmhach an Chláir a fheabhsú agus a áirithiú. Áiritheoidh sé freisin go mbeidh coinníollacha iomchuí i bhfeidhm chun faisnéis a mhalartú go héifeachtach idir institiúidí an Aontais, gníomhaireachtaí náisiúnta nó comhlachtaí agus eintitis eile a chuireann an Clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach.

9. Maidir leis na [...] córais teicneolaíochta faisnéise is gá chun cuspóirí [...] an Chláir arna leagan síos in Airteagal 3 a [...] chur chun feidhme[...], [...] go háirithe faoi bhainistíocht indíreach, áiritheoidh an Coimisiún [...] go mbeidh siad éifeachtúil, cobhsaí agus soláimhsithe don úsáideoir. Tacóidh an Clár le forbairt, oibriú agus cothabháil na gcóras teicneolaíochta faisnéise sin.

*Airteagal 21*

***Comhlacht neamhspleách iniúchóireachta***

1. Maidir leis an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta:

   a) beidh an inniúlacht ghairmiúil is gá aige chun iniúchtaí san earnáil phoiblí a dhéanamh;

   b) áiritheoidh sé go gcuirfear caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta san áireamh sna hiniúchtaí;

   c) ní bheidh coinbhleacht leasa ag baint leis maidir leis an eintiteas dlítheanach a bhfuil an ghníomhaireacht náisiúnta mar chuid de; beidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta, i dtaca lena chuid feidhmeanna, neamhspleách go háirithe ar an eintiteas dlítheanach a bhfuil an ghníomhaireacht náisiúnta mar chuid de.

2. Eiseoidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta tuairim iniúchóireachta maidir leis an dearbhú bliantúil bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 158(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Is é sin a bheidh mar bhonn don chinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 den Rialachán sin [...].

3. Tabharfaidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta rochtain iomlán don Choimisiún agus dá ionadaithe agus don Chúirt Iniúchóirí ar na doiciméid agus na tuarascálacha uile a thacaíonn leis an tuairim iniúchóireachta arna heisiúint aige maidir le dearbhú bliantúil bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta.

*Airteagal 22*

***Prionsabail an chórais rialaithe***

1. Beidh an Coimisiún freagrach as na rialuithe maoirseachta maidir le bearta agus gníomhaíochtaí sin an Chláir a bhainistíonn na gníomhaireachtaí náisiúnta. Socróidh an Coimisiún na híoscheanglais do na rialuithe arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht náisiúnta agus ag an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta.

2. Beidh an ghníomhaireacht náisiúnta freagrach as na rialuithe príomhúla ar thairbhithe deontais i gcomhair na ngníomhaíochtaí arna mbainistiú aige mar a leagtar amach sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 15. Tabharfaidh na rialuithe sin cinnteacht réasúnach go mbainfear úsáid as na deontais arna mbronnadh de réir mar a bhí beartaithe agus i gcomhréir le rialacha an Aontais is infheidhme.

3. Maidir le cistí an Chláir a aistrítear chuig na gníomhaireachtaí náisiúnta, áiritheoidh an Coimisiún comhordú cuí ar a rialuithe leis na húdaráis náisiúnta agus leis na gníomhaireachtaí náisiúnta, ar bhonn phrionsabal na hiniúchóireachta aonair agus tar éis anailís a dhéanamh bunaithe ar riosca.

# [...] TEIDEAL IX

# FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 22a*

***Nós imeachta coiste***

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Féadfaidh an coiste teacht le chéile i bhfoirmíochtaí sonracha chun déileáil le saincheisteanna earnála. I gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir lena rialacha nós imeachta agus ar bhonn *ad hoc*, féadfar cuireadh a thabhairt do shaineolaithe seachtracha, lena n-áirítear ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta, chun bheith rannpháirteach ina chruinnithe i gcáil breathnóireachta.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 23*

***Aisghairm***

Aisghairtear Rialacháin (AE) [...] 2021/817 agus [...] (AE) 2021/888 le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

*Airteagal 24*

***Forálacha idirthréimhseacha***

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888.

2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir na costais theicniúla agus cúnaimh riaracháin is gá a chumhdach chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta arna nglacadh faoi Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888 a áirithiú.

3. Áiritheoidh na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nach gcuirfear bac ar aistriú idir na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888 agus na cinn atá le cur chun feidhme faoin gClár seo.

4. Tagairtí don tSeirbhís Dheonach Eorpach i ngníomhartha dlí an Aontais, tuigfear leo go n-áirítear tagairtí do ghníomhaíochtaí saorálaíochta faoi Rialachán (AE) 2021/888 agus faoin Rialachán seo.

*Airteagal 25*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*